



Meastóireacht na Pleanála i dTríocha Bunscoil

Meastóireacht na Pleanála
i dTríocha Bunscoil



AN RÓINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS EOLAÍOCHTA | AND SCIENCE

INSPECTORATE

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2006
ISBN 0-0000-0000-X

Deartha ag TOTAL PD

Foilsithe ag an Oifig Stáiseanáireachta, Baile Átha Cliath

Le ceannach go díreach ó

Oifig Dhíolachán Foilseachán an Rialtais
Teach Sun Alliance
Sráid Molesworth
Baile Átha Cliath 2


nó trí ordú phoist ó

Fhoilseachán an Rialtais
An Rannóg Tráchtála Poist
51 Faiche Naoimh Stiofáin
Baile Átha Cliath 2
Fón: (01) 6476834 Facs: (01) 6476843

Clóbhuailte ag Brunswick Press Teo.

€10.00

Réamhfhocal ón bPríomhchigire



Ó na 1970í luatha i leith tá an phleanáil uile-scoile á cur chun cinn i mbunscoileanna na hÉireann, agus ón uair a tugadh an tAcht Oideachais (1998) isteach is riachtanas reachtúil í an phleanáil forbartha scoile do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna araon. Cur chuige comhoibritheach a ghlaoitear ar an bpleanáil seo, ina bhfuil rannpháirtíocht ag na páirtithe oideachais, agus tuismitheoirí san áireamh, agus eascraíonn an réasúnaíocht don phleanáil forbartha scoile as peirspictíocht feabhsaithe scoileanna. Baineann timthriall forbartha leanúnach leis an bpróiseas pleanála agus é de mhianach ann cur leis na torthaí do dhaltaí trí dhíriú ar theagasc agus ar fhoghlaim, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus trí scoileanna a chumasú chun cur lena n-inniúlacht ar athruithe a riaradh.

Eascraíonn an tuarascáil seo, *Meastóireacht na Pleanála i dTríocha Bunscoil*, as staidéar feabhsaithe cáilíochta a chuir an Chigireacht i gcrích ar scála beag sna blianta 2004 agus 2005. Féachadh le meastóireacht a dhéanamh ar a mhéid a bhí tríocha bunscoil gafa le próiseas na pleanála uile-scoile agus ar a mhéid a bhí feabhas tagtha ar theagasc agus ar fhoghlaim dá bharr sin a shonrú. Caitheadh táscairí do *ionchuir*, *próisis* agus *torthaí* a mhúnlú chun freastal ar mhodheolaíocht an *rian iniúchta* a cuireadh i bhfeidhm i gcaitheamh an staidéir. Oiriúnaíodh an cur chuige nuálaíoch seo i leith na meastóireachta as an obair a rinne Comhdháil Sheasta Idirnáisiúnta na gCigireachtaí (SICI) le linn an Tionscadal Féinmheastóireacht Éifeachtach Scoile (ESSE) a cuireadh i gcrích i 2003. Is é an chéad sampla é den rian iniúchta mar mhodheolaíocht meastóireachta ag an gCigireacht in Éirinn.

Tá an tuarascáil seo tábhachtach toisc go soláthraítear léargais inti maidir leis an dul chun cinn agus na dúshlán araon a bhaineann le próisis pleanála uile-scoile i mbunscoileanna. Shonraigh an staidéar dúshlán marthanach do scoileanna agus iad ag dul i ngleic, trí phleanáil, le dul i bhfeidhm ar chleachtas an tseomra ranga agus le feabhas a chur ar thorthaí do dhaltaí. Ag féachaint romhainn, soláthraíonn na torthaí agus na moltaí ábhar luachmhar a gcuirfidh réimse daoine aonair, gníomhaireachtaí agus institiúidí sa chóras oideachais spéis iontu. Orthu seo tá lucht polasaithe a bheartú, meithleacha seirbhísí tacaíochta, boird bhainistíochta, foirne scoileanna, tuismitheoirí, agus an Chigireacht féin.

Cuirtear clabhsúr ar gach caibidil le roinnt ceisteanna a thugann ábhar machnaimh dúinn. Creidtear go mbainfidh boird bhainistíochta agus foirne scoileanna, go háirithe, leas astu seo dá gcuid plé ar an athbhreithniú ar a staid forbartha reatha sa phróiseas pleanála.

Is acmhainn riachtanach don chóras iad tuarascálacha den chineál seo. Is cúis áthais domsa í a bheith foilsithe, agus cuirim fáilte go háirithe roimh na noda gníomhaíochta atá tugtha chun léargais inti.

Eamon Stack *Príomhchigire*

Admhálacha

Is mian le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta admháil a dhéanamh sa chomhoibriú flaithiúil a fuarthas ó phríomhoidí scoileanna agus ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí agus ó bhaill bhord bainistíochta sna tríocha scoil a raibh baint acu leis an meastóireacht agus sna ceithre scoil inar tástáladh na hionstraimí agus an mhodheolaíocht ar bhonn píolótach.

Tugtar aitheantas don mhéid a rinne coiste na gcigirí a thug an múnla meastóireachta chun cinn, a chuir an mheastóireacht i gcrích sna scoileanna, agus a d'ullmhaigh an tuarascáil seo: Micheál Ó Conghaile, Pádraig Ó Conchubhair, Brendan Doody, Deirdre Mathews, agus Anne Feerick.

Tugann an coiste aitheantas freisin don mhéid a rinne cigirí breise a chuidigh leis an obair mheastóireachta scoilbhunaithe: Karina Holton, Pádraig Mac Fhlannchadha, A. M. Ní Dhúill, Anthony Kelly, agus Máire Ní Mháirtín. Tugtar aitheantas freisin do pháirt shuntasach Ghearóid Uí Chonluain, Leas-Phríomhchigire, agus Emer Egan, Príomhchigire Cúnta, de thoradh comhairle eolach chuiditheach a chur ar fáil don choiste.

Tá buíochas ag dul freisin do chigirí i bhFo-Rannóg Tacaíochta Polasaí Oideachais Mhúinteoirí, Risteard Ó Broin agus Martin Lally, as a gcomhairle agus a dtacaíocht eagarthóireachta, agus do Bhernie Flannery in Oifig na Cigireachta, Sligeach, ar son na tacaíochta i gcúrsaí riaracháin.

Clár

Réamhfhocal	3
1. Réamhrá	9
1.1 Táscairí	12
1.2 Téarmaíocht	12
1.3 Modheolaíocht na meastóireachta	13
1.4 Comhthéacs	14
1.5 Struchtúr na tuarascála	17
2. Modheolaíocht	19
2.1 Cuspóirí meastóireachta	21
2.2 Roghnú na scoileanna	21
2.3 Na gnáthaimh meastóireachta	22
2.4 Táscairí	23
2.5 Scóip na meastóireachta	24
2.6 Téarmaíocht cháilíochtúil agus chainníochtúil	26
3. Ionchuir chun tacú le pleanáil i scoileanna	29
3.1 Réamhrá	31
3.2 Tacaíocht sheachtrach don phleanáil uile-scoile	32
3.3 Tacaí inmheánacha don phleanáil	35
3.4 Forbairt phroifisiúnta	38
3.5 Tátail	35


Clár

4.	Próiseas na pleanála	43
4.1	Réamhrá	45
4.2	Comhoibriú	46
4.3	Gníomhaíocht dírithe ar fheabhsúchán scoile	49
4.4	Tiomantas córasach leanúnach	52
4.5	Tátail	54
5.	Torthaí na pleanála	57
5.1	Réamhrá	59
5.2	Feasacht ar an gcoincheap	60
5.3	Forbairt phroifisiúnta	63
5.4	Úsáid éifeachtach réimse fairsing modheolaíochtaí teagaisc	65
5.5	Foghlaim ghníomhach rannpháirteach	68
5.6	Úsáid éifeachtach réimse fairsing acmhainní ábhair	70
5.7	Gnóthachtáil fheabhsaithe	72
5.8	Tátail	74
6.	Torthaí agus moltaí	77
6.1	Réamhrá	79
6.2	Príomhthorthaí na meastóireachta	79
6.3	Moltaí	83
6.4	Tátail	85
	Aguisín	87

Gluais

Giorrúcháin a úsáideadh sa tuarascáil seo

FCS:	Forbairt Ceannródaíocht i Scoileanna
CNCM:	Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CTCB:	Clár Tacaíochta Curaclaim Bhunscoile
SCOT/SWOT:	Ainilís ag an scoil, bunaithe ar na láidreachtaí, dúshláin/laigeachtaí, deiseanna agus bagairtí.
SPFS:	Seirbhís Pleanála Um Fhorbairt Scoile (Bunscoileanna)



1. Réamhrá

1. Réamhrá

Tá an tuarascáil ilchodach seo bunaithe ar thuairiscí a chuir cigirí ar fáil de thoradh na meastóireachta ar ghníomhaíochtaí pleanála uile-scoile i dtríocha bunscoil le linn 2004. Tionscnaíodh an mheastóireacht chun an dul chun cinn sa phleanáil uile-scoile a dheimhniú de thoradh tacaíocht fhócasaithe don obair seo ó 1999 i leith. Chuaigh coiste cigirí i mbun na meastóireachta chun leibhéal gabhála scoileanna sa phróiseas pleanála uile-scoile a dheimhniú agus chun a fháil amach cén feabhas a tháinig ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim de thoradh ghabháil scoileanna sa phróiseas pleanála. Phléigh an mheastóireacht le héifeacht iarrachtaí scoileanna ar a láidreachtaí a aithint agus ar a laigí a réiteach tríd an ngníomhaíocht a beartaíodh ar an leibhéal uile-scoile.

Bhain ceithre chéim thábhachtacha leis an meastóireacht:

- Táscairí a cheapadh chun meastóireacht a dhéanamh ar fhiúntas agus ar éifeacht na ngnáthamh pleanála sna scoileanna
- Modh a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar an bpleanáil uile-scoile agus ar a feidhmiú
- Na príomhláidreachtaí agus na príomhlaigí i ngnáthaimh phleanála scoileanna a aithint
- Anailís a dhéanamh ar thaithí scoileanna ar phleanáil uile-scoile chun an dea-chleachtas a aithint agus chun treochoimharthaí a sholáthar ar mhaithe le breis gníomhaíochta de chuid na bpáirtithe éagsúla.

1.1 Táscairí

Bhí tionchar ar an meastóireacht ag obair Chomhdháil Sheasta Idirnáisiúnta na gCigireachtaí (SICI) ar thionscadal dar teideal Féinmheastóireacht Éifeachtach Scoile (ESSE). D'úsáid an tionscnamh sin, a bhfuil tuarascáil ina thaobh le fáil ar shuíomh gréasáin an SICI (www.sici.org.uk), rian iniúchta mar mhodh oibre, agus chuir sé foireann táscairí ar fáil do scoileanna agus don lucht meastóireachta seachtrach araon a chuirfeadh ar a gcumas iarrachtaí féinmheastóireachta scoileanna a mheas. Ghlac na táscairí a tháinig chun cinn i rith an tionscadail leis an idirdhealú a dhéantar go coitianta i múnlaí feabhsúcháin cháilíochta idir *ionchuir*, *próisis*, agus *torthaí*. Tagraíonn ionchuir don tacaíocht, don oiliúint agus do na hacmhainní atá ar fáil do scoileanna chun go mbeadh ar a gcumas gabháil le pleanáil.

Baineann *próisis* leis na gníomhaíochtaí a dtéann siúd a bhfuil baint acu leis na scoileanna ina mbun chun an soláthar a fheabhsú. Is é atá sna *torthaí* ná feabhsuithe a cuireadh i gcrích de bharr an phróisis. Baineadh leas as na hidirdhealuithe seo freisin agus táscairí á gceapadh don meastóireacht seo. Úsáideadh dhá tháscaire dhéag, agus roinneadh iad sna trí aicme sin. Tá cuntas ar na táscairí i mír 2 den tuarascáil.

1.2 Téarmaíocht

Glacadh leis an téarma *pleanáil uile-scoile*, seachas *pleanáil forbartha scoile*, don meastóireacht seo le heagla na míthuisceana i scoileanna idir próisis phleanála scoileanna agus an Seirbhís Pleanála Um Fhorbairt Scoile (Bunscoileanna), (SPFS), *per se*. Le tamall anuas is é SPFS an phríomhfhoinsé tacaíochta don phleanáil, ach aithnítear go bhfuil tacaíocht faighte ag scoileanna le tamall maith ó

fhoinsí eile, ar a n-áirítear an Chigireacht, ionaid oideachais, ceardchumann na múinteoirí, tionscnaimh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le míbhuntáiste, agus, le deireanas, an Clár Tacaíochta Curaclaim Bhunscoile.

1.3 Modheolaíocht na meastóireachta

Is é an rian iniúchta a roghnaíodh mar mhodheolaíocht meastóireachta. Iniúchadh agus plé mion a bhí anseo ar ghné shonrach de sholáthar scoile, ón gcoincheap go dtí an cleachtas. Rianaíodh gníomhaíocht scoileanna ar mhaithe le feabhsúchán i réimsí a bhí aitheanta acu féin mar thosaíochtaí forbartha. Chuir sé ar chumas na gcigirí taifid na scoileanna féin a scrúdú, agus san áireamh anseo bhí na torthaí ar athbhreithnithe uile-scoile agus miontuairiscí cruinnithe a shonraigh láidreachtaí scoileanna san am i láthair agus a thug tosaíocht do réimsí chun forbartha. Iarradh ar phríomhoidí scoileanna foirm cheistiúcháin a líonadh a chuirfeadh a ndearcadh in iúl maidir le réimsí tosaíochta chun forbartha agus maidir leis an gcaoi ar deimhníodh iad seo. D'úsáid na cigirí an t-eolas seo mar threoir agus foirne scoileanna a bhain leis an scéal á gcur faoi agallamh acu. Cuireadh agallamh ar phríomhoidí, ar chomhordaitheoirí curaclaim nó eagrúcháin agus ar mhúinteoirí chun go mbeadh na cigirí in ann teacht ar léargas níos doimhne maidir le leibhéal gabhála scoileanna i ngníomhaíochtaí pleanála uile-scoile.

Ghlac tuismitheoirí, i gcás go raibh siad gafa le gníomhaíochtaí pleanála uile-scoile, nó ionadaithe tuismitheoirí a bhí ainmnithe ag príomhoidí páirt sa mheastóireacht freisin. Iarradh a gcuid tuairimí ar a ngabháil sa phróiseas le linn na n-agallamh. Cuireadh agallamh ar chathaoirleigh boird bhainistíochta chun léargas a fháil ar a gcuid eolais agus a gcuid gabhála sa phleanáil uile-scoile agus chun fíorú breise a dhéanamh ar an bhfianaise a cruinníodh ón bhfoireann sa scoil.

1.4 Comhthéacs

Rinneadh an mheastóireacht i rith tréimhse inar tháinig athrú faoi luas ar chúrsaí oideachais in Éirinn. Rinneadh riachtanas reachtúil den phleanáil forbartha scoile faoin Acht Oideachais (1998). Aithníodh gurb í an phleanáil an bhunghné de chóras bainisteoireachta feidhmíochta do scoileanna chéad leibhéal agus dara leibhéal sa Chlár don Rathúnas agus Chothroime (2000) mar shlí chun cáilíocht sholáthar oideachais a fheabhsú. Sa cháipéis sin, ar bhonn í le comhaontú idir an Rialtas agus na páirtneírí sóisialta ar straitéis forbartha sóisialta agus eacnamaíochta, tuigtear gur próiseas comhoibritheach forbarthach í an phleanáil forbartha scoile agus nach mór í a ullmhú trí chomhairle a ghlacadh leis na páirtneírí uile, na tuismitheoirí san áireamh. I Ráiteas Straitéise, 2001–04, na Roinne Oideachais agus Eolaíochta gealladh tacaíocht d’fheabhsúchán scoileanna tríd an Tionscnamh Pleanála Forbartha Scoile, agus d’aontaigh ceardchumainn na múinteoirí trí ghealltanais a thug siad faoi Chothú an Dul Chun Cinn (2003) go leanfaí den phleanáil forbartha scoile a fheidhmiú agus a dhoimhniú sa chóras scolaíochta.

Aontaíodh freisin, faoin athbhreithniú meántearma ar Chothú an Dul Chun Cinn (Feabhra 2005), go leanfaí de phleanáil forbartha scoile a fhorbairt sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna agus go gcuirfí béim ar leith ar fhreagairt do riachtanais forbartha na bhfoirne teagaisc sna scoileanna chun cur le cumas na múinteoirí uile iomláine an chumais sin a chomhlíonadh.

Ó 1999 i leith chruthaigh roinnt forbairtí ar leibhéal na bunscoile fócas don athbhreithniú ar an gcuraclam:

- Ba é an Curaclam Bunscoile a seoladh i 1999 an chéad mhórathrú ar an gcuraclam ó 1971.
- Bunaíodh an Clár Tacaíochta Curaclaim Bhunscoile (CTCB) mar chomhéadan leis an

gcuraclam ar son múinteoirí chun go mbeidís in ann é a fheidhmiú ina gcuid scoileanna.

- Bunaíodh an tSeirbhís Tacaíochta Curaclaim Réigiúnach (nó an tseirbhís chuiditheoireachta) mar chomhpháirt lárnach den CTCB.
- Socraíodh gur sa bhliain scoile 2003/04 a dhaingneofaí agus a dhéanfaí athbhreithniú ar fheidhmiú an Churaclam Bhunscoile (1999).

Comhthreomhar leis sin, rinneadh athbhreithniú ar pháirteanna agus ar fhreagrachtaí na bainisteoireachta in-scoile agus cuireadh ar bhonn foirmiúil iad (ciorclán DES 07/03). D'éascaigh sé seo meithleacha meánbhainistíochta a bhunú agus tugadh spreagadh do scoileanna chun béim a leagadh ar lárnachas na pleanála mar fheidhm ag an mbainisteoireacht inmheánach. Laistigh den chreatlach sin thionscain an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tacaíocht do bhainisteoireacht scoileanna agus do phleanáil scoile ar shlite éagsúla:

- I 1999 foilsíodh an *Treoir do Phleanáil Forbartha Scoile*, de thoradh próiseas comhairleach idir cigirí agus na páirtnéirí oideachais, agus dáileadh é seo ar na bunscoileanna go léir. Cuireadh eolas agus moltaí i láthair ann maidir le hathbhreithniú uile-scoile agus forbairt polasaí i réimsí curaclaim agus eagrúcháin.
- I 1999 freisin bunaíodh an Tionscnamh Pleanála d'Fhorbairt Scoile chun an phleanáil a chur chun cinn i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Thairg an tionscnamh seo oiliúint agus tacaíocht do scoileanna chun feabhas a chur ar a ngabháil sa phróiseas pleanála forbartha scoile. Bhí an tseirbhís ag cur roimpi tacaíocht a thabhairt don phleanáil mar shlí chun éifeacht agus feabhsúchán scoileanna a chur chun cinn. Ar leibhéal na bunscoile tugadh cuireadh do gach scoil a bheith páirteach in oiliúint i gcaitheamh tréimhse cúig bliana. Cuireadh tacaíocht ar fáil do phríomhoidí agus do

mhúinteoirí, agus rinneadh creatlacha a fhorbairt chun cuidiú le cáipéisí pleanála in-scoile a chomhlánú.

- I 2002 thionscain an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an clár dár tideal Forbairt Ceanródaíocht i Scoileanna (FCS) chun forbairt phroifisiúnta a chur chun cinn do na príomhoidí agus na leas-phríomhoidí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Gné thábhachtach eile sa chomhthéacs seo ná an fhorbairt agus an scagadh breise atá déanta ar na hábhair meastóireachta agus ar na gnáthaimh ag an gCigireacht le blianta beaga.

- I 2003 d'fhoilsigh an Chigireacht *Ag Breathnú ar an Scoil Againne: Áis Chúnta don Fhéinmheastóireacht i mBunscoileanna*. Soláthraíonn sé seo creatlach do scoileanna chun treisiú le hathbhreithniú inmheánach ar pholasaithe scoile agus chun éifeacht agus feabhsúchán na scoile a chur chun cinn i gcúig mhór-réimse: bainistíocht, pleanáil, soláthar curaclaim, fiúntas an teagaisc agus na foghlama, agus tacaíocht do dhaltaí.
- Tugadh Meastóireacht Scoile Uile (MSU) isteach go foirmiúil i 2003/04, mar mhúnla don meastóireacht sheachtrach do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Déanann an próiseas MSU meastóireacht ar scoileanna, agus an creatlach meastóireachta atá curtha i láthair in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne* á chur san áireamh.

Mar chuid de réimse múnlaí meastóireachta, chuaigh an Chigireacht i mbun roinnt tionscadal téamach meastóireachta le blianta beaga.

- Cuireadh meastóireacht a bhí dírithe ar an soláthar oideachais i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta i gcrích in dhá scoil déag faoi mhíbhuntáiste i 2004.

Foilsíodh na torthaí i dtuascáil dar teideal *Litearthacht agus Uimhearthacht i Scoileanna faoi Mhíbhuntáiste: Dúshlán do Mhúinteoirí agus d'Fhoghlaimoirí* (2005).

- Sa bhliain scoile 2003/04, de thoradh meastóireacht ar fheidhmiú an churaclaim sa Bhéarla, sna hamharcealaíona agus sa mhatamaitic i sé bhunscoil is ochtó, foilsíodh *Meastóireacht ar Chur i bhFeidhm Curaclaim i mBunscoileanna: Béarla, Matamaitic agus na hAmharcealaíona* (2005).

Tuarascáil bhreise is ea an cháipéis áirithe seo – *Meastóireacht na Pleanála i dTríocha Bunscoil* – atá ag eascairt as meastóireacht fhócasaithe a rinne an Chigireacht ar an mbunleibhéal, agus is é an chéad sampla é den rian iniúchta mar mhodh meastóireachta.

1.5 Struchtúr na tuarascála

Tá an tuarascáil leagtha amach i sé mhír. I mír 1 (an réamhrá seo) tugtar an cúlra a bhaineann le pleanáil uile-scoile i mbunscoileanna na hÉireann. I mír 2 déantar achoimre ar an modheolaíocht a úsáideadh sa mheastóireacht. I mír 3 rianaítear an tacaíocht agus an treoir atá ar fáil do scoileanna, sonraítear an cleachtas éifeachtach, agus díritear aird ar réimsí ina bhféadfaí breis forbartha a dhéanamh. I mír 4 déantar cur síos ar ghabháil na bpáirtneirí sa phróiseas pleanála, ar a mhéid a phléann scoileanna le feabhsúchán agus iad gafa le pleanáil, agus ar na struchtúir atá bunaithe acu chun go mbeadh próiseas leanúnach forbartha ar siúl. I mír 5 léirítear an feabhas a thagann ar sholáthar scoile de bharr na pleanála, i gcás acmhainní, teagasc agus foghlaim, agus gnóthachtáil na ndaltaí. I mír 6 rianaítear na torthaí agus déantar moltaí maidir leis an bhforbairt amach anseo i réimse na pleanála uile-scoile.



2. Modheolaíocht

2. Modheolaíocht

2.1 Cuspóirí meastóireachta

Ba é cuspóir ginearálta na meastóireachta ná deimhniú agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht na pleanála uile-scoile i mbunscoileanna samplacha. Chuir an mheastóireacht roimpi go háirithe

- a shonrú cé chomh héifeachtach is a bhí bunscoileanna i bhfeabhsúchán leanúnach a bhaint amach trí fhéin-athbhreithniú, trí phleanáil, agus trí ghníomhaíocht a dhéanamh chun cur lena láidreachtaí agus chun aghaidh a thabhairt ar a laigí
- gnéithe den dea-chleachtas a aithint
- moltaí a dhéanamh a bheadh mar bhonn leis an gcleachtas maidir le pleanáil uile-scoile.

2.2 Roghnú na scoileanna

Roghnaigh Aonad Tacaíochta agus Taighde Meastóireachta (ESRU) na Cigireachta tríocha scoil ar bhonn neamhrialta le páirt a ghlacadh sa mheastóireacht. Dheimhnigh an gnáthamh roghnaithe go mbeadh cineálacha agus láithreacha éagsúla scoileanna sa sampla. Bhí deichniúr cigirí gafa leis an gcigireacht fhócasaithe; rinne gach cigire meastóireacht ar na gníomhaíochtaí pleanála i dtrí scoil. De thoradh dul i gcomhairle leis an bpríomhoide sna scoileanna roghnaithe socraíodh dhá lá sa tréimhse Feabhra–Bealtaine 2004 don ghníomhaíocht meastóireachta scoilbhunaithe. Le linn na gcuartheanna dhá lá chruinnigh na cigirí fianaise trí agallaimh a dhéanamh, cháipéisí a iniúchadh, bhreathnú ar an gcleachtas, agus anailís a dhéanamh ar shonraí a chuir na scoileanna ar fáil.

2.3 Na gnáthaimh meastóireachta

Ghlac an coiste cigirí leis an rian iniúchta mar mhodh oibre don meastóireacht. Roimh na cuairteanna ar na scoileanna iarradh ar na príomhoidí foirm cheistiúcháin a líonadh chun a fháil amach cén dearcadh a bhí acu ar na gníomhaíochtaí pleanála sa scoil acu agus chun treoir a thabhairt do na cigirí ina gcuid gníomhaíochtaí meastóireachta in-scoile. Rinneadh plé freisin leis na príomhoidí chun tosaíochtaí pleanála na scoileanna a shonrú.

Ba iad na príomh-chomhpháirteanna a bhain leis an ngníomhaíocht meastóireachta

- agallaimh leathstruchtúrtha leis na príomhoidí
- iniúchadh ar cháipéisí pleanála uile-scoile
- agallaimh leathstruchtúrtha le comhordaitheoirí pleanála, múinteoirí ranga, tuismitheoirí, agus cathaoirligh bord bainistíochta, agus
- breathnú sna seomraí ranga ar an gcleachtas a bhain le réimsí tosaíochta chun forbartha a bhí aitheanta ag na scoileanna.

Rinneadh dearadh ar fhoirmeacha ceistiúcháin, ar sceideal ceisteanna do na hagallaimh agus ar chreatlach caighdeánach chun fianaise a thaifeadadh, agus eagraíodh seisiún faisnéisithe don mheitheal cigirí a ainmníodh le dul i mbun na hoibre meastóireachta. Tugtar achoimre ar na scéidil agallamh in aguisín 1, a léiríonn an chaoi ar spreagadh an triantánú.

2.4 Táscairí

Rinneadh forbairt ar fhoireann táscairí mar áis chun faisnéis a chruinniú agus chun leanúnachas a dheimhniú. Sonraíonn na táscairí gnéithe tábhachtacha den chleachtas i ngach ceann de na trí ghné: *ionchuir*, *próisis*, agus *torthaí*. Iarradh faisnéis faoi gach táscaire trí shraith ceisteanna a cuireadh i láthair i sceideal comónta. Cumadh na ceisteanna seo chun an rath a bhí ar an scoil sa phróiseas pleanála chun forbartha a dheimhniú. Tá cur síos i dtábla 2.1 ar na táscairí a úsáideadh.

Tábla 2.1: Táscairí a úsáideadh chun faisnéis a chruinniú

Gné	Táscairí	Buncheisteanna a iniúchadh
Ionchur	Tacaíocht sheachtrach	Úsáid ghníomhaireachtaí seachtracha agus cáipéisí mar threoir don phleanáil chun feabhsúcháin
	Treoir inmheánach	Ceannaireacht agus úsáid saineolais sa scoil mar threoir phleanála
	Forbairt phroifisiúnta	Soláthar traenála in-seirbhíse; tacaíocht chun freastal ar chúrsaí chun feabhas a chur ar chumas múinteoirí plé le pleanáil, nó tacaíocht ar shlite eile
Próiseas	Comhoibriú	A mhéid atá na páirtnéirí uile gafa go gníomhach leis an bpróiseas pleanála
	Gníomhaíocht dírithe ar fheabhsúchán	Úsáid athbhreithnithe uile-scoile, bunú tosaíochtaí, pleanáil ghníomhaíochtaí, agus faire rialta ar fheidhmiú

	Tiomantas córasach don phleanáil	Bunú struchtúir chun tacú le pleanáil, agus tiomantas don fheabhsúchán
Torthaí	Tuiscint ar choincheap na pleanála forbartha scoile	Meas ar luach na pleanála uile-scoile chun feabhsúchán a chur chun cinn
	Forbairt phroifisiúnta	Athruithe ar dhearcadh agus ar chleachtas de thoradh na pleanála
	Úsáid éifeachtach a bhaint as réimse fairsing acmhainní ábhar	Soláthar, fáil agus úsáid acmhainní mar thacaíochtaí foghlama i réimsí tosaíochta
	Úsáid éifeachtach a bhaint as réimse leathan modhanna teagaisc	Úsáid a bhaint as réimse níos leithne de mhodhanna teagaisc
	Foghlaim ghníomhach rannpháirteach	Eispéiris fhoghlama do dhaltaí
	Feabhas ar ghnóthachtáil na ndaltaí	Faire agus tomhas ar ghnóthachtáil na ndaltaí agus tionchar na pleanála ar ghnóthachtáil fheabhsaithe na ndaltaí

2.5 Scóip na meastóireachta

Ar mhaithe leis an meastóireacht, rinneadh iniúchadh ar dhá ghné den soláthar i ngach scoil. Iarradh ar na príomhoidí dhá thosaíocht a ainmniú a bhí sonraithe ag an scoil le linn an phróisis phleanála agus a dhéanfaí a scrúdú sa rian iniúchta. Tríd an rian iniúchta rinneadh breith ar cháilíocht agus ar thionchar na pleanála ar an soláthar agus ar an gcleachtas i réimsí tosaíochta na scoileanna. Tá na gnéithe den chleachtas a d'ainmnigh na príomhoidí liostaithe i dtábla 2.2.

Tábla 2.2: Gnéithe den chleachtas a dtugann príomhoidí tosaíocht dóibh

Gnéithe den chleachtas	Líon
Béarla	16
Matamaitic	11
Amharcealaíona	5
Gaeilge	4
Eolaíocht agus tuiscint imshaoil	3
Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (SPHE)	2
Corpoideachas	1
Bainisteoireacht ar iompar na ndaltaí	6
Coinneáil taifead	2
Ráiteas misin a fhorbairt	1
Ráiteas sábháilteachta	1
Tinreamh	1
Tacaíocht don fhoghlaim agus riachtanais speisialta	1
Obair bhaile	1
Gan tosaíocht tugtha do ghné ar bith	2

Roghnaigh tromlach na scoileanna réimsí curaclaim mar thosaíochtaí forbartha. B'ionann na tosaíochtaí sin agus fócas na bliana daingnithe agus athbhreithnithe mar a bhí leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. I roinnt scoileanna ní raibh tosaíochtaí sonracha chun forbartha roghnaithe, nó níor ainmnigh an príomhoide ach aon tosaíocht amháin i gcomhair na meastóireachta.

2.6 Téarmaíocht cháilíochtúil agus chainníochtúil

Nuair a bhí fianaise cruinnithe acu ón réimse foinsí, rinne na cigirí sainscagadh ar an eolas agus rinne ráitis meastóireachta do gach táscaire ar chreatlacha caighdeánacha. Tugadh ráta do cháilíocht na pleanála i ngach scoil faoi gach táscaire ar scála ceithre phointe, mar seo a leanas:


Leibhéal Gníomhúcháin	Téarmaí Cáilíochtúla a Úsáidtear sa Tuarascáil seo
Scothleibhéal	Go han-mhaith
Cleachtas inniúil	Go maith
Scóip chun forbartha	Cuibheasach
Ag sonrú deacrachtaí	Lag

Roghnaíodh baill foirne scoile don agallamh de réir a ngabháil sna réimsí tosaíochta sonraithe chun forbartha, agus is iad na príomhoidí a mhol na seomraí ranga a bhí ag teacht leis na tosaíochtaí seo chun cuairt a thabhairt orthu.

Agus an tuarascáil seo á cur le chéile, úsáideadh téarmaí cáilíochtúla chun céatadáin a léiriú, mar seo a leanas:

Téarmaí Cáilíochtúla a Úsáidtear sa Tuarascáil seo	Céatadáin
Iad ar fad, beagnach	> 90%
An chuid is mó	75–90%
Tromlach	50–74%
Níos lú ná leath	25–49%
Líon beag	16–24%
Beagán	Suas le 15%

Tá roinnt de na tuairimí a nocht na cigirí ina dtuairiscí agus a bhaineann le hábhar breactha i mboscaí téacs tríd an tuarascáil seo, agus tá clabhsúr curtha ar gach mír den tuarascáil le roinnt ábhair mhachnaimh. Ba chóir go dtabharfadh na ceisteanna sin stiúir dóibh siúd arb é a ngnó fiúntas an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú trí phleanáil uile-scoile.



**3. Ionchuir chun tacú le
pleanáil i scoileanna**

3. Ionchuir chun tacú le pleanáil i scoileanna

3.1 Réamhrá

Tugtar forbhreathnú sa mhír seo ar na tacaí atá ar fáil do scoileanna maidir le pleanáil don fheabhsúchán scoile. Cuireann sí roimpi a dheimhniú na tacaí a chuirtear ar fáil do scoileanna chun cumas múinteoirí a fheabhsú chun gabháil le pleanáil uile-scoile agus a fháil amach freisin a mhéid a úsáidtear na tacaí sin.

Baineann na sonraí a cruinníodh le trí tháscaire:

- tacaíocht sheachtrach
- treoir inmheánach
- forbairt phroifisiúnta.

Cruthaíodh an t-eolas trí

- agallaimh leathstruchtúrtha le príomhoidí
- iniúchadh ar cháipéisí pleanála uile-scoile
- agallaimh leathstruchtúrtha le comhordaitheoirí pleanála, múinteoirí, agus cathaoirligh boird bhainistíochta.

Liostaigh scoileanna na gníomhaireachtaí agus na tionscnaimh sheachtracha a bhí mar threoir dá bpróiseas pleanála uile-scoile, agus shonraigh siad tionchair sheachtracha eile ar a gcuid gníomhaíochtaí pleanála. Rinneadh cur síos freisin ar na tacaí inmheánacha scoile don phleanáil. Thuairiscigh na scoileanna ar obair foirne, ar chomhoibriú, ar shonrú dualgas agus freagrachtaí, agus ar struchtúir bhainistíochta a bhain le pleanáil uile-scoile. Rinneadh meastóireacht ar thionchar na dtacaí seo. Rinneadh iniúchadh ar a mhéid a bhí tionchar ar rannpháirtíocht sa phleanáil uile-scoile ar an gcur chuige a bhí ag na múinteoirí féin ina bpleanáil ar leith. Breithníodh freisin an

tionchar a bhí ag réimse tosaíochta aontaithe na scoile mar spreagadh chun freastal ar thraenáil in-seirbhíse nó chun cúnamh seachtrach a fháil. Rinne na cigirí breith maidir leis na tacaí seo a bheith á n-úsáid chun tairbhe na pleanála uile-scoile a chur chun cinn.


3.2 Tacaíocht sheachtrach don phleanáil uile-scoile

Thuairiscigh scoileanna go raibh réimse fairsing seirbhísí seachtracha tacaíochta ar fáil dóibh. Mórthionscnaimh de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta iad an Seirbhís Pleanála Um Fhorbairt Scoile (Bunscoileanna), (SPFS), agus an Clár Tacaíochta Curaclaim Bhunscoile (CTCB)—ar a n-áirítear an tseirbhís Tacaíocht Churaclaim Réigiúnach (Cuiditheoirí)—a bunaíodh chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna.

Bhain an chuid is mó de na scoileanna úsáid as an tacaíocht don phleanáil ón SPFS, (77 faoin gcéad) nó ón CTCB (70 faoin gcéad), nó ón dá cheann, agus bhain níos lú ná leath de na scoileanna (26 faoin gcéad) úsáid as seirbhís na gcuiditheoirí. Fuair líon beag díobh tacaíocht ó phríomhoidí scoileanna eile nó ó oird reiligiúnacha agus ó eagraíochtaí patrún, ceardchumainn múinteoirí, grúpaí príomhoidí, eagraíochtaí bainisteoireachta, nó cainteoirí seachtracha. Tharraing siad ar thionscnaimh éagsúla agus ar eagraíochtaí ar nós Forbairt Ceannródaíocht i Scoileanna (FCS), Barnardo's, coistí gairmoideachais, agus ionaid oideachais. Ina theannta sin breathnaíodh ar na tuairiscí scoile a rinneadh de thoradh próiseas meastóireachta scoile a chur i gcrích mar “chlár gníomhaíochta.” Lena chois sin, tugadh creidiúint i gcás amháin don oiliúint shonrach, faoi mar a chuirtear ar fáil í do Reading Recovery, mar thacaíocht don phleanáil uile-scoile.

Bhí tionchar éagsúil ag na tacaí seo ar phleanáil uile-scoile. Léiríonn fíor 3.1 na rátaí a thug na cigirí do scoileanna ar an úsáid a bhain siad as tacaíocht sheachtrach.

Fíor 3.1: Tacaí seachtracha don phleanáil



Scothleibhéal nó cleachtas iniúil

Tugadh ráta “an-mhaith” do bheagán scoileanna (10 faoin gcéad) maidir le húsáid a bhaint as tacaí seachtracha chun a bpróisis phleanála uile-scoile a chur chun cinn, agus bhí an tromlach díobh (57 faoin gcéad) “go maith.” Sna scoileanna sin d’éirigh leis na dreamanna seachtracha a d’oibrigh le foireann na scoile in eagrú cúrsaí agus i gcomhobair agus comhoibriú foirne a spreagadh. D’éascaigh siad athbhreithniú uile-scoile, threoraigh siad pleanáil, sholáthraigh siad struchtúr don phróiseas pleanála, agus bhí baint acu le forbairt ráiteas misean a chruthú agus le polasaithe éagsúla a

dhréachtú. Dheimhnigh an úsáid éifeachtach a baineadh as creatlacha struchtúrtha chun polasaithe a fhorbairt sna scoileanna sin go raibh aidhmeanna soiléire iontu, gur chloígh siad le hábhar, agus gur rianaíodh modheolaíochtaí agus tacaíocht don fheidhmiú i roinnt polasaithe curaclaim. Rianaigh líon beag polasaithe scoile a ndearnadh meastóireacht orthu dátaí athbhreithnithe, agus thug siad freagracht i réimsí pleanála ar leith do mhúinteoirí sonracha. Bhí a *modus operandi* fiúntach féin bunaithe ag beagán scoileanna, agus chuathas i gcomhairle dá réir le gníomhaireachtaí seachtracha agus baineadh úsáid as a saineolas.


Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Tugadh ráta “cuibheasach” do roinnt bheag scoileanna (10 faoin gcéad) maidir le húsáid éifeachtach a bhaint as tacaíocht sheachtrach don phleanáil, agus tugadh ráta “lag” do 23 faoin gcéad sa réimse sin. Sna scoileanna seo bhí cúnaimh tairgthe ag foireann an SPFS agus an CTCB, agus i gcásanna áirithe bhí treoir tugtha acu sa phróiseas pleanála agus i bhforbairt polasaithe. Cé gur fhreastail baill foirne sna scoileanna seo ar sheimineáir shonracha agus ar laethanta pleanála, bhí teorainn leis an tacaíocht bhreise a lorgaíodh ar fhoirne seachtracha agus gan ach aon ócáid amháin i gceist uaireanta nó aon réimse curaclaim amháin. Léirigh roinnt múinteoirí éiginnteacht áirithe maidir le seirbhísí ar bhain an scoil leas astu. Bhí roinnt cáipéisí de chuid an SPFS, CNCM agus CTCB ar fáil sna scoileanna seo, creatlacha pleanála curaclaim, mar shampla; baineadh an úsáid ba lú éifeacht astu, ámh, agus bhí tagairt do thosaíochtaí agus do mhodheolaíochtaí teagaisc in easnamh ar na cáipéisí pleanála.

3.3 Tacaí inmheánacha don phleanáil

Ar na tacaí inmheánacha atá ar fáil do scoileanna sa phróiseas pleanála tá an bord bainistíochta, an príomhoide, an fhoireann bhainistíochta in-scoile, agus múinteoirí ar leith a bhfuil saineolas acu ar réimsí áirithe. Baineadh leas éagsúil as na deiseanna forbartha a chuir na tacaí seo ar fáil, mar a léiríonn fíor 3.2.

Fíor. 3.2: Tacaí inmheánacha don phleanáil



Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Tugadh ráta “an-mhaith” do líon beag scoileanna (23 faoin gcéad) agus tugadh ráta “go maith” do 30 faoin gcéad eile san úsáid a bhain siad as saineolas inmheánach agus ina gceannaireacht ar fhorbairt struchtúr tacaíochta agus treorach don phleanáil. Tuairiscíodh, san iomlán, cleachtas éifeachtach i 53 faoin gcéad de na scoileanna. Sa chuid is mó de na scoileanna sin úsáideadh an fhoireann sa scoil go héifeachtach mar thacaíocht don phróiseas pleanála. Ba é an príomhoide, go minic ar fad (75 faoin gcéad), a thug treoir inmheánach sna scoileanna, agus i leath díobh ba iad na postsealbhóirí, na comhordaitheoirí pleanála agus na múinteoirí a thug treoir freisin. Bunaíodh meithleacha nó coistí chun dul i mbun na pleanála i níos lú ná leath de na scoileanna (27 faoin gcéad). Ar na struchtúir fhoirmiúla eile a bunaíodh chun tacú agus treoir a thabhairt don phleanáil go himmheánach bhí am pleanála a chur i leataobh agus cruinnithe a thionól go rialta. I gcásanna ina raibh scoileanna ag baint úsáid éifeachtach as tacaíocht inmheánach don phleanáil, roghnaigh na cigirí nathanna chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas ar nós “treorú den scoth,” “ceannaireacht leanúnach,” “cur chuige an-chuimsitheach,” agus “cur chuige comhairliúcháin agus gníomhach.”

Tugadh an dualgas do mhúinteoirí a raibh freagracht orthu maidir le gnéithe den phleanáil nó a raibh saineolas sonracha acu polasaí scoile i réimsí aontaithe a cheapadh nó a fheidhmiú. Ar na samplaí den dea-chleachtas bhí múinteoirí ar leith nó meithleacha díobh i mbun polasaithe a dhréachtú agus a fhorbairt i réimsí curaclaim agus eagrúcháin, agus iad seo a bheith á gcur faoi bhráid foirne scoileanna le plé agus le comhaontú ar a seal.

“Airítear nach bhfuil baint ag an bpleanáil leis an obair a dhéanann múinteoirí sna seomraí ranga agus nach mbaineann sé leo.”

Athfhriotal an Chigire

Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Is suntas ar leith é go raibh scóip chun forbartha i 47 faoin gcéad de na scoileanna maidir leis an tacaíocht inmheánach don phleanáil a úsáid. Maidir leis seo tugadh ráta “cuibheasach” do níos lú ná leath de na scoileanna (34 faoin gcéad) agus ráta “lag” do 13 faoin gcéad. Sna scoileanna seo ba iad na príomhoidí (75 faoin gcéad) a bhí i gceannas ar an bpróiseas pleanála, ach is beag fianaise a bhí ann ar fhreagracht á tarmligean do choistí pleanála nó do chomhordaitheoirí. I mbeagán cásanna bhí na múinteoirí ag brath ró-mhór ar théacsleabhair nó ar bhileoga eolais a bhí curtha ar fáil ag an bpríomhoide mar bhonn chun polasaithe a cheapadh.

I gcásanna inar sonraíodh cleachtas nach raibh ró-éifeachtach, cúis bhreise leis seo ba ea a theoranta a bhí an tacaíocht inmheánach a thug boird bhainistíochta don phleanáil. Níor ghlac baill den bhord páirt ghníomhach i bplé agus i bhforbairt polasaithe, agus ina áit sin bhí a bpáirt teoranta do dhreachtáí deireanacha a bhí ceaptha agus curtha i láthair ag an bhfoireann teagaisc a dhaingniú. Ina theannta sin níor bunaíodh struchtúir chun tuismitheoirí a chur san áireamh mar thacaíocht inmheánach, agus ní raibh plé ar bith déanta maidir lena bpáirt siúd.


I scoileanna ar tugadh ráta “cuibheasach” nó “lag” dóibh ba léir gnéithe áirithe den dea-chleachtas. Bhí athbhreithniú uile-scoile déanta ag roinnt scoileanna; bhí dialanna pleanála ceaptha ag a thuilleadh díobh agus dréachtpholasaithe tiomsaithe acu. I mbeagán scoileanna freisin mheas na múinteoirí go raibh fiúntas ag baint le cruinnithe foirne agus le cúrsaí samhraidh i gcur chun cinn an phróisis pleanála. Bhí roinnt cúiseanna ann, ámh, ar tugadh ráta “cuibheasach” nó “lag” do scoileanna áirithe. Ar na cúiseanna sin bhí siad seo a leanas: struchtúir fhoirmiúla in easnamh mar thacaíocht phleanála, ar nós meithleacha pleanála nó comhordaitheoirí curaclaim; gan tosaíochtaí a

bheith sonraithe agus gan pleanáil straitéiseach a dhéanamh; agus bheith i mbun an phróisis phleanála chun riachtanais reachtúla na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a shásamh seachas mar phróiseas ar mhaithe le feabhsúchán inmheánach scoile.

3.4 Forbairt phroifisiúnta

Rinne na cigirí meastóireacht ar fhorbairt phroifisiúnta mar ionchur sa phróiseas pleanála uile-scoile. Cuireadh ceist ar chathaoirligh boird bhainistíochta i dtaobh deiseanna forbartha proifisiúnta do mhúinteoirí agus do phríomhoidí, agus iarradh ar mhúinteoirí cuntas a thabhairt ar a ngabháil i ngníomhaíochtaí forbartha proifisiúnta. Thuairiscigh na cigirí go raibh an fhorbairt phroifisiúnta mar ionchur i 63 faoin gcéad de na scoileanna. Léirítear na rátaí a thug na cigirí do na scoileanna sin i bhfíor 3.3.

Fíor 3.3: Forbairt phroifisiúnta mar ionchur



Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Tugadh an ráta “go maith” do níos lú ná leath de na scoileanna (35 faoin gcéad) ina raibh tuairisc ar an bhforbairt phroifisiúnta mar ionchur, agus níor tugadh ráta “an-mhaith” do scoil ar bith. Sna scoileanna seo bhí tionchar dearfach ar na baill foirne ag éascaitheoirí seachtracha nó ag saineolaithe ón taobh amuigh, de bhreis ar na gníomhaireachtaí seachtracha a thugann tacaíocht don phleanáil. Samplaí den dea-chleachtas ba ea saineolaithe a bheith tugtha isteach ón taobh amuigh ag scoileanna chun dul i mbun cúrsaí forbartha proifisiúnta, múinteoirí ag déanamh taighde ar an idirlíon nó trí ghréasáin a bhunú le múinteoirí eile, nó freastal ar chúrsaí agus ar chomhdhála a bhain le planáil uile-scoile nó le tosaíochtaí planála.

Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Sna cásanna ina raibh tuairisc ar fhorbairt phroifisiúnta mar ionchur tugadh ráta “cuibheasach” do 45 faoin gcéad de na scoileanna agus ráta “lag” do 20 faoin gcéad breise. Ní raibh aon fhianaise sna scoileanna seo ar chur chuige struchtúrtha nó comhtháite don fhorbairt phroifisiúnta, agus ní raibh deiseanna curtha ar fáil ar fhorbairt phroifisiúnta maidir le próiseas na pleanála ná le tosaíochtaí pleanála. I líon beag scoileanna d’fhreastail múinteoirí ar chúrsaí, agus i roinnt scoileanna ba mhian leis an mbord bainistíochta go mbeadh ar chumas na mball foirne freastal ar chúrsaí agus ar sheimineáir. In ainneoin na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do scoileanna, luaigh roinnt cathaoirleach easpa airgid mar bhac ar shaineolaithe ón taobh amuigh a fhostú chun forbairt foirne a éascú.

3.5 Tátail

Shonraigh an mheastóireacht seo na gnéithe dearfacha seo a leanas maidir le *hionchuir*:

- Úsáideann scoileanna réimse fairsing tacaíochtaí seachtracha go héifeachtach.
- Éascaíonn dreamanna seachtracha an t-athbhreithniú uile-scoile éifeachtach, agus treoraíonn siad an phleanáil.
- Úsáidtear creatlacha struchtúrtha go héifeachtach i bhforbairt polasaithe.
- Tugann an príomhoide, le cúnaimh ó mhúinteoirí eile, ceannas don phróiseas pleanála.
- Bunaítear struchtúir fhoirmiúla, ar nós am pleanála a chur i leataobh agus cruinnithe rialta.
- Féadfaidh oiliúint a chuirtear ar fáil mar thacaíocht do ghnéithe sonracha den churaclam, “Reading Recovery” mar shampla, cuidiú leis an bpróiseas pleanála ina iomláine.

Ábhar inní maidir le hionchuir ba ea na gnéithe seo a leanas:


- Ní leor an úsáid a bhaintear as an tacaíocht sheachtrach.
- Úsáid theoranta a bhaintear as creatlacha agus ábhair phleanála struchtúrtha.
- Ní bhíonn páirt ghníomhach ag baill de bhoird bhainistíochta ná ag tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí pleanála uile-scoile.
- Tá freagracht na pleanála i seilbh an phríomhoide, agus ní leor a mhéid a dhéantar an fhreagracht a tharmligean.
- Tá srian leis an tacaíocht a thugtar do mhúinteoirí chun freastal ar chúrsaí a bhaineann le pleanáil nó le réimsí tacaíochta.
- Luann roinnt cathaoirleach ar bhoird bhainistíochta easpa airgid mar bhac ar fhorbairt phroifisiúnta.

Roinnt ceisteanna chun breis mhachnaimh

Cén úsáid a bhaintear as gníomhaireachtaí agus as cáipéisí ón taobh amuigh chun an phleanáil don fheabhsúchán a threorú?

Cén leas dearfach a bhaintear as ceannaireacht agus saineolas sna scoileanna chun an phleanáil a threorú?

Cén cónascadh atá déanta idir deiseanna forbartha proifisiúnta agus tosaíochtaí pleanála uile-scoile?



4. Próiseas na pleanála

4. Próiseas na pleanála

4.1 Réamhrá

Sa mhír seo déantar iniúchadh ar na próisis phleanála a ndeachaigh scoileanna ina mbun chun fiúntas an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú. Breithnítear na socrúithe atá bunaithe ag scoileanna chun éascú a dhéanamh ar ghabháil na bpáirtneirí sa phleanáil uile-scoile.

Baineann na sonraí a cruinníodh leis na táscairí seo a leanas:

- comhoibriú
- gníomhaíocht dírithe ar fheabhsúchán
- tiomantas córasach leanúnach don phleanáil agus d'fhaire ar fheidhmiú agus ar ghnóthachtáil.

Cruinníodh an fhaisnéis trí

- agallaimh leathstruchtúrtha le príomhoidí
- iniúchadh ar cháipéisí pleanála uile-scoile
- agallaimh leathstruchtúrtha le comhordaitheoirí pleanála, múinteoirí ranga, tuismitheoirí, agus cathaoirligh boird bhainistíochta
- bhreathnú sa seomra ranga ar chleachtas a bhaineann le réimsí tosaíochta don fhorbairt.


Rinne na cigirí meastóireacht ar an leibhéal ar a raibh pobail scoile ag obair go comhoibritheach chun a riachtanais a shainiú agus chun freagairt do na riachtanais úd tríd an bpróiseas pleanála. Rinne siad iniúchadh le fáil amach an raibh córais ann chun athbhreithniú uile-scoile a éascú. Rinneadh scrúdú ar ghabháil na scoile i bpleanáil chun gnímh, féachaint a mhéid a bhí gníomhaíochtaí dírithe ar fheabhsúchán scoile a bhain leis na réimsí tosaíochta sonraithe. Pléadh na fáthanna ar tugadh tosaíocht do réimsí airithe, agus rinneadh plé freisin ar na socrúithe don fhaire

ar dhul chun cinn i réimsí tosaíochta. Agus meastóireacht á déanamh ar leibhéal an tiomantais do phleanáil uile-scoile mar phróiseas córasach leanúnach, chuir na cigirí sraith ceisteanna chun na struchtúir a bhí bunaithe ag gach scoil chun an próiseas a chur chun cinn agus a chothú a aithint.

4.2 Comhoibriú

Faoin Acht Oideachais (1998) is ar bhord bainistíochta scoile atá an fhreagracht maidir le plean scoile a ullmhú, i gcomhairle leis na tuismitheoirí, an pátrún, baill foirne, agus na daltaí. Cuireadh agallamh ar bhaill de bhoird bhainistíochta, phríomhoidí, mhúinteoirí agus thuismitheoirí chun leibhéal a ngabhála i bpróiseas na pleanála a dhearbhu. Léirítear i bhfíor 4.1 an éifeacht a bhaineann leis an bpróiseas comhoibritheach i scoileanna.

Fíor 4.1: Comhoibriú i bpleanáil uile-scoile



“ . . . Bíonn múinteoirí rannpháirteach sa phróiseas pleanála go leanúnach, agus tá a bhformhór mór gafa go gníomhach le gnéithe lárnacha den phleanáil.”

Athfhriotal an Chigire

Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Tugadh ráta “go maith” don chomhoibriú i leath de na scoileanna (50 faoin gcéad) agus ráta “an-mhaith” do 10 faoin gcéad breise. I gcás thromlach na scoileanna sin b’ionann an comhoibriú agus na múinteoirí a bheith ag obair i dtreo spriocanna a comhaontaíodh ar fhochoistí, ag cruinnithe foirne, nó le linn laethanta in-seirbhíse pleanála. Cé gur tháinig téamaí comóna chun cinn maidir le gnéithe áirithe den chomhoibriú, ba léir éagsúlacht cleachtais sa mhéid a chuaigh siad i gcomhpháirt chun riachtanais scoile a shonrú agus chun oibriú orthu. Ar an dea-chleachtas a bhí i scoileanna beaga bhí múinteoirí ag teacht le chéile i mogallghrúpaí agus ag obair i gcomhpháirt chun smaointe a roinnt agus gnéithe eagrúcháin agus curaclaim den pholasáí scoile a phleanáil. I scoileanna níos mó cuireadh meithleacha pleanála le chéile, agus thug ball sinsearach foirne, an príomhoide de ghnáth, treoir do na cruinnithe foirne. Sna cásanna sin glaoth cruinnithe go rialta, chuaigh múinteoirí a raibh saineolas ar leith acu i gceannas ar ghnéithe áirithe den phleanáil, agus ba léir ardleibhéal comhchomhairle le baill eile foirne.

Is beag comhoibriú a bhí idir boird bhainistíochta agus múinteoirí sa phróiseas pleanála, fiú amháin sna scoileanna a raibh rátaí dearfacha acu. Nuair a bhí comhoibriú ann bhí sé teoranta a bheag nó a mhór do ghnéithe eagrúcháin den phleanáil, ar nós ullmhúchán ráiteas sláinte agus sábháilteachta, nó polasaithe a chuir múinteoirí i láthair a údarú agus a dhaingniú.

Thuairiscigh tromlach na scoileanna ar tugadh ráta “go maith” nó “go han-mhaith” dóibh go raibh tuismitheoirí rannpháirteach sa phróiseas pleanála. Bhain a ngabháil siúd le forbairt polasaithe eagrúcháin, ar nós an chóid iompair agus polasáí frithbhulaíochta, agus polasaithe curaclaim i réimsí ar nós an oideachais shóisialta, phearsanta agus sláinte (SPHE). I roinnt cásanna bhí baint chomh dlúth sin ag cumann tuismitheoirí leis an scéal gur cuireadh dréachtpholasaithe faoina bhráid agus lorgaíodh a thuairim, agus pléadh a chuid leasuithe agus glacadh leo, nuair ba chúf.

Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Tugadh ráta “cuibheasach” do bhreis bheag agus ceathrú cuid de na scoileanna (27 faoin gcéad) maidir le comhoibriú sa phróiseas pleanála, agus tugadh ráta “lag” do 13 faoin gcéad eile díobh. Tugadh rátaí ísle don chuid is mó díobh sin mar gheall ar easpa gabhála na dtuismitheoirí agus bhaill an bhoird bhainistíochta. I mbeagán scoileanna amháin a thuairiscigh na cigirí easpa comhpháirtíochta i measc na múinteoirí. Ar na laigí a sonraíodh bhí íoslódáil polasaithe ón idirlíon agus á gcur faoi bhráid comhghleacaithe mar obair a bhí curtha i gcrích, deacrachtaí a bhain le cumarsáid inmheánach, agus easpa obair foirne ag na múinteoirí sa phróiseas pleanála.

Maidir le comhoibriú, luaigh baill de bhoird bhainistíochta go raibh a n-easpa eolais agus saineolais mar bhac ar a ngabháil sa phróiseas pleanála. Mhaígh roinnt daoine nárbh é a ngnó é polasaithe curaclaim a chur ar fáil agus gur ag na múinteoirí a bhí an saineolas ba ghá chun a leithéid a dhéanamh. Sampla den easpa comhoibrithe ba léir sa phróiseas pleanála ba ea an freagra seo a leanas a thug cathaoirleach: “Sa mhéid go bhfuil aon duine againn ar an mbord bainistíochta atá ábalta ar anailís a dhéanamh ar pholasaithe, nó suim aige iontu, sea, go deimhin, tá baint ag an mbord bainistíochta leis an scéal.” Mheabhraigh roinnt cathaoirleach go mba ghá oiliúint shainiúil a chur ar bhoird bhainistíochta i mórán gnéithe den saol scoile, agus an próiseas pleanála san áireamh.

Is beag fianaise a bhí ann ar ghabháil chomhoibritheach de chuid na dtuismitheoirí sa phróiseas pleanála i scoileanna ar tugadh ráta “lag” nó “cuibheasach” dóibh. Nocht roinnt príomhoidí an tuairim gur mhaith leo go mbeadh baint lánbhrí ag tuismitheoirí leis an bpleanáil; mar sin féin, ní raibh struchtúir a d’éascódh comhoibriú gníomhach tuismitheoirí tríd an bpróiseas pleanála curtha

“ . . . Tá na torthaí [pleanála] curtha in iúl do thuismitheoirí . . . Cuireadh fiche polasaí ar fáil dóibh go hiomlán, ach, seachas an polasaí RSE, ní raibh aon bhaint ag na tuismitheoirí le próiseas na bpolasaithe a cheapadh atá forbartha anois.”


Athfhriotal an Chigire

ar bun. Sa phlé a rinneadh le tuismitheoirí tuigeadh nach raibh páirt acu, comhoibritheach nó eile, i ndruchtú polasaithe i réimsí curaclaim. Chonacthas do thuismitheoirí gur le múinteoirí amháin a bhain sé sin.

4.3 Gníomhaíocht dírithe ar fheabhsúchán scoile

Béim lánach sa phleanáil uile-scoile is ea go mbeadh na páirtneírí uile gafa le próiseas leanúnach feabhsúcháin scoile. Cuardaigh na cigirí faisnéis gur choinnigh scoileanna a bhfócas ar fheabhsúchán agus iad ag gabháil le gníomhaíochtaí pleanála. Léiríonn fíor 4.2 leibhéal an fhócais ar fheabhsúchán scoile.

Fíor 4.2: Gníomhaíocht dírithe ar fheabhsúchán scoile



“Tá lántuiscint ag múinteoirí ar na tosaíochtaí reatha, agus tá roinnt pleananna gníomhaíochta curtha le chéile. Tá fianaise shoiléir sna cáipéisí pleanála go bhfuil an phleanáil dírithe ar fheabhsúchán scoile.”

Athfhriotail an Chigire

Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Tuairiscíodh cleachtas “an-mhaith” i mbeagán scoileanna (7 faoin gcéad) maidir le pleanáil a bhí dírithe ar fheabhsúchán scoile, agus tuairiscíodh go raibh 56 faoin gcéad eile “go maith.” Nuair a tuairiscíodh cleachtas éifeachtach bhí athbhreithniú uile-scoile déanta ag na scoileanna, pé acu go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil é, le deireanas, agus bhí réimsí sainiúla sonraithe mar thosaíochtaí forbartha. Baineadh úsáid as roinnt múnlaí, ar a raibh anailís SWOT nó SCOT, moltaí tuairiscí scoile, agus an múnla athbhreithnithe curaclaim a chuir an CNCM ar fáil, chun comhaontas ar réimsí tosaíochta a bhaint amach. D’éascaigh na hathbhreithnithe uile-scoile comhthuairim maidir le tosaíochtaí na scoile, agus léirigh múinteoirí eolas agus tuiscint shoiléir ar na réimsí aontaithe tosaíochta.

Bhí éagsúlacht mhór ag baint lena mhéid a chuir na scoileanna seo pleananna gníomhaíochta foirmiúil d’fheabhsúchán i réimsí tosaíochta i láthair. I dtromlach na scoileanna thángthas ar chomhaontú maidir leis an ngníomhaíocht a chuirfí i gcrích. Mar sin féin, chuir níos lú ná leath de na scoileanna pleananna gníomhaíochta scríofa foirmiúil le chéile. I roinnt scoileanna baineadh úsáid as tuairiscí míosúla múinteoirí mar thairfead ar an dul chun cinn i réimsí tosaíochta. Nuair ba ann dóibh, thagair pleananna gníomhaíochta don chaoi a gcuirfí forbairtí i réimsí tosaíochta i bhfeidhm agus a ndéanfaí faire orthu in imeacht tréimhse shonraithe. Chuimsigh siad seo dátaí athbhreithnithe, agus sonraíodh dualgais ar leith do bhaill éagsúla den fhoireann.

Is beag má bhí fianaise ar bith ann ar chur chuige comhoibritheach i gcás pleananna a chur i gcrích a raibh baint acu le tuismitheoirí nó le baill den bhord bainistíochta. Nuair a tugadh tosaíocht do réimsí curaclaim, rinneadh tagairt do shnáitheanna agus d’aonaid snáithe an churaclaim. Rinneadh

*“Toisc nár tugadh
pleananna curaclaim go dtí
an chéim dheireanach den
fhorbairt thairfeadta cuirtear
srian suntasach le
hacmhainn an phlean
tionchar córasach a bheith
aige ar fheabhsúchán scoile
san fhadtréimhse.”*

Athfhriotal an Chigire

tagairt mar ba chóir freisin do mhodheolaíochtaí agus d’acmhainní éagsúla nach mbeadh tairbhe leo sa phróiseas teagaisc agus foghlama. Nuair nár cuireadh pleananna gníomhaíochta le chéile, is beag fianaise a aimsíodh ar straitéisí sonraithe don fheidhmiú, don fhaire, ná don athbhreithniú.


Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Maidir le gníomhaíocht dírithe ar fheabhsúchán scoile, tugadh ráta “cuibheasach” do 17 faoin gcéad de na scoileanna agus ráta “lag” do 20 faoin gcéad breise. Sa chuid is mó de na scoileanna sin ní raibh athbhreithnithe uile-scoile curtha i gcrích. Bhí easpa soiléireachta maidir leis na dúshláin a bhí roimh an scoil i measc na múinteoirí agus na bpríomhoidí. Fiú amháin nuair a bhí réimsí tosaíochta rianaithe ag múinteoirí ar leith nó i gcáipéisí pleanála níor léir cén chaoi ar pléadh le ceist an fheabhsúcháin scoile. I scoileanna inar cuireadh pleananna curaclaim ar fáil ní dhearnadh faire ná athbhreithniú foirmiúil ar an tionchar a bhí acu. Ní raibh baint ag ionadaithe tuismitheoirí ná ag baill den bhord bainistíochta le gníomhaíochtaí sonracha ar mhaithe le feabhsúchán scoile. Ba é an tuairim choitianta a bhí ag tuismitheoirí nach raibh aon ghá le gabháil tuismitheoirí i réimsí curaclaim, ón uair go raibh an curaclam “sainordaithe.” Bhí an brath coitianta ann i measc na dtuismitheoirí gur bhain an curaclam le réimse profisiúnta na múinteoirí agus nach raibh siad féin cáilithe, dá bharr sin, chun tuairim a nochtadh ná aon ní eile a dhéanamh maidir leis sin.

4.4 Tiomantas córasach leanúnach

Rinneadh tomhas ar a mhéid a bhí scoileanna tiomanta don soláthar a fheabhsú ar shlí chórasach leanúnach trí meastóireacht a dhéanamh ar na struchtúir a bhí bunaithe acu chun a dheimhniú gur próiseas leanúnach a bhí sa phleanáil uile-scoile. Lorgaíodh fianaise maidir le bunú meithleacha pleanála, le dualgas sonracha a bheith leagtha ar dhaoine ar leith, le ham á chur i leataobh do chruinnithe, agus le hullmhúchán pleananna straitéiseacha. Léirítear torthaí na gcigirí maidir leis seo i bhfíor 4.3.

Fíor 4.3: Tiomantas córasach leanúnach



Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Thuairiscigh na cigirí go raibh cleachtas “an-mhaith” i líon beag scoileanna (17 faoin gcéad) agus go raibh an cleachtas “go maith” i 46 faoin gcéad breise, ag brath ar a mhéid a bhí an scoil tiomanta do phleanáil uile-scoile ar shlí chórasach leanúnach. San áireamh sna gnéithe den chleachtas éifeachtach bhí tiomantas don phleanáil leanúnach i réimsí comhaontaithe, coistí nó grúpaí múinteoirí ag teacht le chéile go rialta chun polasaithe a cheapadh ar shlí chórasach, athbhreithnithe uile-scoile á dtionscnamh, agus pleananna feabhsúcháin gearrthréimhseacha nó fadtréimhseacha á gcur ar fáil. Ba léir ina dhiaidh sin an tiomantas don fheabhsúchán leanúnach i gcásanna inar ghlac príomhoidí, postsealbhóirí nó múinteoirí le páirt cheannaireachta chun an obair a threorú taobh istigh de na réimsí tosaíochta.

Fiú amháin i scoileanna inar tuairiscíodh cleachtas inniúil, ba bheag fianaise a bhí ann ar leibhéal tiomantais le dealramh do phróiseas na pleanála uile-scoile ar shlí chórasach leanúnach, pé acu ag an mbord bainistíochta nó ag na tuismitheoirí é.

Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Maidir lena dtiomantas don phleanáil mar phróiseas córasach leanúnach, tugadh ráta “cuibheasach” do líon beag scoileanna (20 faoin gcéad) agus ráta “lag” do 17 faoin gcéad breise díobh. Cé go raibh polasaithe scoile curtha ar fáil ag na scoileanna seo, ní raibh tosaíochtaí feabhsúcháin sonraithe i gcás ar bith, nach mór, agus ní raibh struchtúir chun athbhreithniú rialta ag na múinteoirí a spreagadh curtha ar bun. Lena chois sin, ní raibh struchtúir curtha ar bun ach oiread chun freastal ar ghabháil chórasach leanúnach an bhoird bhainistíochta nó na dtuismitheoirí.

4.5 Tátail

Shonraigh an mheastóireacht seo na gnéithe dearfacha seo a leanas maidir le próisis:

- Bíonn an chuid is mó ar fad de mhúinteoirí rannpháirteach ar chuma éigin i bpleanáil.
- Is ionann comhoibriú agus múinteoirí a bheith ag oibriú i dtreo spriocanna comhaontaithe, i mogallghrúpaí, ag cruinnithe foirne, i meithleacha pleanála, agus ar laethanta in-seirbhíse.
- Tagann múinteoirí ar chomhaontú maidir le réimsí tosaíochta chun forbartha agus iad ag úsáid múnlaí éagsúla.
- Léiríonn múinteoirí grinneas agus tuiscint ar réimsí tosaíochta don phleanáil.
- Tá múinteoirí tiomanta don phleanáil.
- Treoraíonn príomhoidí, postsealbhóirí agus múinteoirí a dtugtar deis dóibh ar pháirt cheannaireachta a ghlacadh an obair go héifeachtach ar réimsí tosaíochta.

Ábhar inní maidir le próisis ba ea na gnéithe seo a leanas:

- Tá gabháil na mbord bainistíochta agus na dtuismitheoirí teoranta a bheag nó a mhór do ghnéithe eagrúcháin den phleanáil.
- Luann baill de bhoird bhainistíochta easpa eolais agus saineolais mar bhac ar ghabháil le pleanáil.
- Ní thuigtear do thuismitheoirí go bhfuil páirt ar bith acu féin i bpleanáil don soláthar curaclaim.
- Níl nós pleananna gníomhaíochta foirmiúil a scríobh doimhnithe.
- Ní dhéantar faire ná athbhreithniú rialta ar phleananna curaclaim.
- Tá tosaíochtaí chun forbartha le sonrú fós.
- Níl struchtúir i gcomhair freastal tuismitheoirí agus boird bhainistíochta ar ghabháil chórasach leanúnach curtha ar bun fós.

Roinnt ábhar machnaimh

Cé chomh mór is atá na páirtnéirí ar fad gafa leis an bpróiseas pleanála?

Cé chomh mór is atá de thoradh ar an athbhreithniú uile-scoile gur sonraíodh tosaíochtaí chun forbartha, gur scríobhadh pleananna gníomhaíochta, agus go ndéantar faire rialta ar fheidhmiú agus ar thionchar?

Cé chomh mór is a bunaíodh struchtúir agus próisis a chuimsíonn tiomantas don fheabhsúchán scoile?



5. Torthaí na pleanála

5. Torthaí na pleanála

5.1 Réamhrá

Rianaítear sa mhír seo torthaí na bpróiseas pleanála i scoileanna. Tugtar aghaidh ar thionchar na pleanála ar dhearcadh agus ar chleachtas múinteoirí agus a dtuiscint ar luach na pleanála uile-scoile chun an feabhsúchán a chur chun cinn. Pléitear le tionchar na pleanála uile-scoile ar eispéiris fhoghlama na ndaltaí. Breithnítear na struchtúir atá bunaithe chun faire a dhéanamh ar ghnóthachtáil na ndaltaí, agus scrúdaítear an nasc idir gnóthachtáil na ndaltaí agus pleanáil uile-scoile.

Baineann na sonraí a cruinníodh leis na táscairí seo a leanas:

- feasacht ar choincheap na pleanála forbartha scoile
- forbairt phroifisiúnta
- úsáid éifeachtach réimse fairsing acmhainní ábhair
- úsáid éifeachtach réimse leathan modheolaíochtaí teagaisc
- an fhoghlaim ghníomhach rannpháirteach
- feabhas ar ghnóthachtáil na ndaltaí.

Cruinníodh an fhaisnéis trí


- fhoirm cheistiúcháin a líonadh ag na príomhoidí
- agallaimh leathstruchtúrtha leis na príomhoidí
- iniúchadh ar cháipéisí pleanála uile-scoile
- agallaimh leathstruchtúrtha le comhordaitheoirí pleanála, múinteoirí ranga, tuismitheoirí, agus cathaoirligh bord bainistíochta
- bhreathnú sa seomra ranga ar an gcleachtas a bhain le réimsí tosaíochta chun forbartha.

Rinne na cigirí meastóireacht ar thaithí an phobail scoile ar choincheap na pleanála uile-scoile agus ar a mhéid a bhí sé seo mar thacaíocht i geur chun cinn na foghlama. Lorg siad leideanna maidir le hathrú ar dhearcadh múinteoirí agus a mhéid a bhí sé seo le sonrú ina bpleanáil agus ina gcleachtais indibhidiúla. Scrúdaigh siad na próisis scoile chun faire a dhéanamh ar fheabhsúcháin, agus d'iniúch siad an ghaolmhaireacht idir pleanáil uile-scoile agus gnóthachtáil fheabhsaithe na ndaltaí.

5.2 Feasacht ar an gcoincheap

Gné bhunaidh í an phleanáil uile-scoile den phróiseas feabhsúcháin scoile. Cuireann sí ar chumas scoileanna féin-athbhreithniú a dhéanamh, polasaithe uile-scoile a fhorbairt, faire a dhéanamh ar dhul chun cinn, a riachtanais forbartha proifisiúnta féin a aithint, agus, dá réir, feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa scoil. Rinne na cigirí meastóireacht ar leibhéal na feasachta ar an bpleanáil uile-scoile mar uirlis feabhsúcháin, agus tá a gcuid rátaí léirithe anseo thíos i bhfíor 5.1.

Fíor 5.1: Feasacht ar an gcoincheap



Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Tugadh ráta éifeachtach do thromlach na scoileanna (67 faoin gcéad) maidir lena bhfeasacht ar choincheap na pleanála uile-scoile. Léirigh líon beag díobh (20 faoin gcéad) feasacht “an-mhaith,” agus bhí an fheasacht “go maith” ag níos lú ná leath (47 faoin gcéad) díobh. Sa chuid is mó ar fad de na scoileanna seo bhí tuiscint shoiléir ag na múinteoirí ar choincheap na pleanála uile-scoile, agus bhí ardluach ag baint leis, dar leo.

Ainneoin an scéal seo a bheith chomh dearfach, is fiú a thabhairt faoi deara gur tuiscint theoranta amháin a bhí ag tuismitheoirí ar acmhainn na pleanála uile-scoile, fiú i scoileanna ar thug na cigirí ráta “an-mhaith” dóibh. Bhí a dtaithe ar an gcoincheap, tríd is tríd, teoranta don bhaint a bhí acu le

forbairt polasaithe i réimsí sláinte agus sábháilteachta, mí-úsáid substaintí, smacht, agus polasaí frithbhulaíochta. Is go hannamh a chonacthas an phleanáil uile-scoile dóibh mar uirlis don fheabhsúchán leanúnach i gcur chun cinn na foghlama.

Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Ábhar suntais é gur tugadh ráta “cuibheasach” nó “lag” don fheasacht ar an gcoincheap pleanála uile-scoile sa tríú cuid de na scoileanna. Bhí roinnt eolais ag an gcuid is mó ar fad de na múinteoirí sna scoileanna seo ar choincheap na pleanála uile-scoile agus ar a luach; ní fhacthas, ámh, é seo i ngníomh. Ar na samplaí den chleachtas sna scoileanna seo bhí an príomhoide ag glacadh freagrachta i ndrúchtú na gcáipéisí pleanála, tosaíochtaí chun forbartha gan a bheith sonraithe, agus gan a bpleanáil féin á tagairt don phlean scoile ag múinteoirí ar leith.

Sna scoileanna seo ní raibh ach taithí theoranta ag tuismitheoirí agus ag baill den bhord bainistíochta ar choincheap na pleanála uile-scoile mar uirlis feabhsúcháin. Ina ainneoin sin, bhí baint acu le pleanáil i réimsí ar nós sláinte agus sábháilteacht, obair bhaile, smacht, agus polasaí frithbhulaíochta, agus bhí baint acu le daingniú polasaithe a bhí curtha ar aghaidh ag na múinteoirí.


I roinnt bheag de na scoileanna seo nocht an cathaoirleach an tuairim go mbeadh baint níos gníomhaí ag baill den bhord agus ag tuismitheoirí le pleanáil dá dtabharfaí an deis dóibh ar bheith rannpháirteach sa phróiseas.

5.3 Forbairt phroifisiúnta

Tugann an phleanáil uile-scoile deis ar fheabhas a chur ar an bhfoghlaim i gcás na ndaltaí agus na múinteoirí araon. Tagann feabhas ar fhoghlaim na múinteoirí de réir tosa áirithe, ach glactar go coitianta leis go dtugtar athrú domhain fréamhaithe chun cinn i scoileanna de thoradh na pleanála uile-scoile agus a bhfuil de bhéim ar athbhreithniú agus ar mhachnamh ann.

Rinne na cigirí meastóireacht ar a mhéid a thug an ghabháil sa phróiseas pleanála uile-scoile athruithe chun cinn i ndearcadh agus i gcleachtais oibre na múinteoirí. Léirítear na torthaí i bhfíor 5.2.

Fíor 5.2: Forbairt phroifisiúnta



Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Ábhar suntais é gur tuairiscíodh torthaí dearfacha d'fhorbairt phroifisiúnta na múinteoirí i níos lú ná leath de na scoileanna. Nuair a tuairiscíodh go raibh an fhorbairt phroifisiúnta mar thoradh ar phleanáil, tugadh ráta “an-mhaith” do bheagán scoileanna (7 faoin gcéad), agus bhí níos lú ná leath díobh (36.5 faoin gcéad) “go maith.” Cuireadh forbairt phroifisiúnta na múinteoirí chun cinn de thoradh plé ag cruinnithe foirne, páirt a ghlacadh i gcruinnithe pleanála, agus ardleibhéal rannpháirtíochta in obair foirne agus i gcomhoibriú. Bhí fianaise sna scoileanna seo gur bogadh ón spleáchas ar an bpríomhoide mar cheann ar an bpleanáil i dtreo páirt ghníomhach sa phróiseas á glacadh ag na múinteoirí.

“Tá tuiscint ghéar ag múinteoirí ar chúrsaí uile-scoile, agus feictear dóibh go soiléir go mbaineann siad le foireann. Tá lántuiscint acu ar an dul chun cinn atá déanta leis an tosaíocht phleanála atá ann faoi láthair.”

Athfhriotal an Chigire

De thoradh na gabhála sa phróiseas pleanála, bunaíodh spiorad na foirne ar ardleibhéal, cothaíodh dearcadh dearfach i leith na pleanála, neartaigh an tuiscint i measc múinteoirí gur leo féin an phleanáil agus bhí glacadh níos mó acu léi, ní raibh siad chomh dealaithe céanna níos mó, dar leo, agus tháinig feabhas ar an gcomhthuiscint ar chleachtais a chéile. Bhí tuiscint acu ar luach na bpolasaithe agus na ngnáthamh maidir le bainisteoireacht ghinearálta na scoile agus ar leibhéal an chomhtháthaithe agus an ionannais a cruthaíodh. Bhí tuiscint níos fearr acu ar fhairsinge na réimsí curaclaim, agus i gcásanna áirithe lean athruithe ar na modheolaíochtaí teagaisc é sin, d'fhás an mhúinín as ábhair a úsáid, agus mhéadaigh ar an ngabháil i gcur chuige gníomhach. Luadh go raibh roinnt múinteoirí toilteanach dul i mbun ghníomhaíochtaí pleanála uile-scoile taobh amuigh d'am na scoile agus gur léirigh sé seo an luach a bhí acu ar an bpróiseas.


Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Níor léir ach fíorbheagán fianaise i dtromlach na scoileanna ar thorthaí dearfacha d'fhorbairt phroifisiúnta múinteoirí de thoradh na pleanála, agus ráta “cuibheasach” ag 36.5 faoin gcéad díobh agus ráta “lag” ag 20 faoin gcéad. Cé gur glacadh leis go raibh spiorad na foirne agus mothú na comhghleacaíochta tagtha chun cinn i roinnt de na scoileanna seo de thoradh an phróiseas phleanála, dúradh in áiteanna eile go raibh easpa spiorad foirne ann mar gheall ar dheis theoranta ar obair a dhéanamh i dteannta a chéile.

5.4 Úsáid éifeachtach réimse fairsing modheolaíochtaí teagaisc

Rinne na cigirí iarracht ar fháil amach cé acu an raibh nó nach raibh úsáid éifeachtach bainte ag scoileanna as réimse fairsing modheolaíochtaí teagaisc agus as cur chuige idirdhealaithe de thoradh na pleanála uile-scoile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara sa chás seo gurb é an cúlra meastóireachta anseo ná an bhéim, ar leibhéal an chórais, ar fheidhmiú an churaclaim agus úsáid na pleanála forbartha scoile mar uirlis chun cuidiú leis an bpróiseas. Léirítear torthaí na gcigirí i bhfíor 5.3.

Fíor 5.3: Úsáid éifeachtach réimse fairsing modheolaíochtaí teagaisc



Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Á chur san áireamh gur scrúdaíodh an úsáid a baineadh as réimse fairsing modheolaíochtaí teagaisc agus an curaclam ag athrú, tugadh ráta “an-mhaith” do bheagán scoileanna (10 faoin gcéad) agus tugadh ráta “maith” do níos lú ná leath díobh (47 faoin gcéad). Go ginearálta, bhí réimse leathan sa chur chuige teagaisc sonraithe ag na scoileanna seo sna cáipéisí pleanála, agus bhí fianaise ann ar thosaíocht a bheith tugtha don chur chuige atá daingnithe sa Churaclam Bunscoile (1999). Samplaí den dea-chleachtas a bhain leis na réimsí tosaíochta sonraithe ba ea úsáid éifeachtach a bhaint as gníomhaíochtaí i ngrúpaí, teagasc uile-ranga agus tacaíocht do dhaltaí ar leith, plé faoi threoir, agus úsáid ICT. Ba léir i mbeagán scoileanna, cé go raibh modheolaíochtaí oiriúnacha in úsáid, nár

“Tá cur chuige éagsúil ag na múinteoirí, mar is cuí, agus cuirtear i bhfeidhm é chun riachtanais na ndaltaí ar leith atá ag freastal ar an scoil seo a shásamh. Tugtar spreagadh do na daltaí bheith rannpháirteach trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí gníomhacha foghlama, agus tuairiscíonn na múinteoirí gur lú an bhéim atá acu anois ar théacsleabhair ná mar a bhíodh.”

Athfhriotal an Chigire

sonraíodh iad ach ar éigean sna cáipéisí pleanála. Ba léir i gcásanna inar cuimsíodh modheolaíochtaí teagaisc in ullmhúchán múinteoirí ar leith go ndearnadh cleachtas fócasaithe díobh sa seomra ranga. Sna cásanna sin bhí baint ghníomhach ag daltaí lena gcuid foghlama féin, agus bhí fianaise ar obair i ngrúpaí, obair i mbeirteanna, agus cur chuige faoi stiúir an mhúinteora.


Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Tugadh ráta “cuibheasach” don úsáid a baineadh as réimse fairsing modheolaíochtaí i níos lú ná leath de na scoileanna (27 faoin gcéad), agus tugadh ráta “lag” do 17 faoin gcéad eile. Cé go raibh fianaise ar fheasacht i measc múinteoirí ar an luach a bhain le réimse fairsing modheolaíochtaí a úsáid i roinnt de na scoileanna seo de thoradh pleanála uile-scoile, ní raibh athruithe ar an gcleachtas tagtha ar aghaidh dá thoradh. Sa chuid is mó de na scoileanna san aicme seo ní raibh modheolaíochtaí teagaisc sonraithe sna cáipéisí, agus is beag treoir ar fad a bhí ann ar an leibhéal uile-scoile ar an gcaoi ar chóir feidhmiú idirdhealaithe an churaclaim a chur i bhfearas. Sna scoileanna ina raibh an cleachtas lag is beag tagairt a bhí in ullmhúchán na múinteoirí do mhodheolaíochtaí teagaisc. Ina theannta sin bhain deacrachtaí lena mhéid a bhí an teagasc uile-ranga mar mhodheolaíocht cheannasach, gan gabháil chuí i dteagasc idirdhealaithe ná eispéiris chomhoibritheacha foghlama.

5.5 Foghlaim ghníomhach rannpháirteach

Rinne na cigirí athbhreithniú ar an gcaoi ar thug an phleanáil uile-scoile aghaidh ar cheist na foghlama gníomhaí rannpháirtí agus cé acu ar úsáideadh nó nár úsáideadh a leithéid de chur chuige san fhoghlaim i seomraí ranga. Tá a dtorthaí léirithe i bhfíor 5.4.

Fíor 5.4: Foghlaim ghníomhach rannpháirteach



Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Tugadh ráta “an-mhaith” do bheagán scoileanna (7 faoin gcéad) maidir le planáil d’eispéiris foghlama gníomhacha rannpháirteacha do dhaltáí, agus iad a chur ar fáil; tugadh ráta “maith” do 53 faoin gcéad eile díobh. Ba dheacair nasc díreach a bhunú idir planáil uile-scoile agus cáilíocht

eispéireas foghlama na ndaltaí i scoileanna. I roinnt de na scoileanna “an-mhaith” agus “maith,” ámh, thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh de thoradh ar phleanáil uile-scoile a bhain le hathruithe curaclaim go raibh daltaí “i bhfad níos sásta ag teacht ar scoil anois” agus go raibh “a muinín agus a neamhspleáchas ag fás.” Dúirt siad gur bhain daltaí sásamh as an bhfoghlaim, go raibh siad gafa go gníomhach, agus gur léirigh siad díograis agus dúthracht as bheith rannpháirteach i gceachtanna. Ní raibh an bhéim a thuilleadh ar “rang ciúin,” agus bhí méadaithe ar thuiscint an mhúinteora ar riachtanais na ndaltaí. Samplaí den dea-chleachtas a ndearnadh breathnú air le linn cuairteanna ar sheomraí ranga ba ea daltaí ag obair i ngrúpaí de réir a gcumais, béim ar obair thionscadail agus ar an bhfoghlaim chomhoibritheach, léitheoireacht ar mhaithe le sásamh, agus úsáid na timpeallachta sa teagasc agus san fhoghlaim.


Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Tugadh ráta “cuibheasach” do líon beag scoileanna (23 faoin gcéad) agus ráta “lag” do 17 faoin gcéad eile maidir le planáil d’eispéiris fhoghlama gníomhacha rannpháirteacha do dhaltaí, agus iad a chur ar fáil. Samplaí den chleachtas a sonraíodh sna scoileanna seo ba ea gan déileáil le modheolaíochtaí gníomhacha rannpháirteacha i bplanáil uile-scoile ná in ullmhúchán múinteoirí ar leith. Sna scoileanna seo ba é an teagasc uile-ranga an mhodheolaíocht cheannasach, gan ach an beagán féin agus é sin teoranta, den fhoghlaim ghníomhach rannpháirteach. Má sonraíodh eispéiris fhoghlama dearfacha ní raibh an cleachtas comhleanúnach tríd an scoil ach é ar siúl ag múinteoirí áirithe amháin.

5.6 Úsáid éifeachtach réimse fairsing acmhainní ábhair

Rinneadh scrúdú ar chur chuige na scoile maidir le soláthar, riaradh agus úsáid éifeachtach acmhainní ábhair trí agallaimh a chur ar phríomhoidí, mhúinteoirí agus chathaoirligh bhoird bhainistíochta agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar cháipéisí scoile. Le linn cuairteanna ar sheomraí ranga theastaigh ó na cigirí scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a bhí réimse fairsing acmhainní ábhair á úsáid go héifeachtach sna réimsí tosaíochta sonraithe ag an scoil de thoradh ar phleanáil uile-scoile. Tá na torthaí léirithe i bhfíor 5.5.

Fíor 5.5: Úsáid éifeachtach réimse fairsing acmhainní ábhair



Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Tugadh ráta dearfach don chuid is mó de na scoileanna (77 faoin gcéad) maidir le soláthar agus úsáid acmhainní ábhair. Léirigh roinnt de na scoileanna seo (10 faoin gcéad) cleachtas “an-mhaith,” agus bhí an tromlach díobh (67 faoin gcéad) “go maith.” Samplaí den chleachtas éifeachtach ba ea an chaoi a raibh teacht ag múinteoirí go saoraídeach ar acmhainní chun na tosaíochtaí comhaontaithe a chur i bhfeidhm, agus i soláthar polasaithe scoile ar cheannach, stóráil agus cothabháil trealamh. Dheimhnigh breis fianaise a cruinníodh le linn cuairteanna scoile agus seomraí ranga gur úsáideadh na hábhair a bhí ar fáil go héifeachtach chun eispéireas foghlama na ndaltaí a fheabhsú.

Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Tugadh ráta “cuibheasach” do líon beag scoileanna (20 faoin gcéad) maidir le soláthar agus úsáid éifeachtach acmhainní ábhair, agus tugadh ráta “lag” do 3 faoin gcéad eile. Cé go raibh acmhainní carntha ag roinnt scoileanna san aicme seo, bunaithe ar riachtanais uile-scoile, agus gur léir go raibh na hacmhainní ar fáil agus iad nasctha le réimsí tosaíochta comhaontaithe, sonraíodh deacrachtaí nuair nach raibh polasaí cuimsitheach ann maidir le ceannach, fáil agus stocáireamh acmhainní. Fuarthas acmhainní agus bhain múinteoirí ar leith úsáid éifeachtach astu i roinnt scoileanna chun freastal ar riachtanais a gcuid ranganna féin, seachas mar thoradh ar pholasaí uile-scoile.


Ábhar eile inní maidir le roinnt de na scoileanna seo nár baineadh úsáid as na hacmhainní go héifeachtach. Deacrachtaí eile a sonraíodh ná fadhbanna a bhain le slándáil agus fáil, soláthar easnamhach acmhainní ábhair, agus an úsáid sheasta a baineadh as téacsleabhair mar phríomhacmhainn sa phróiseas teagaisc. Bhraith múinteoirí frustrachas ar leith i roinnt scoileanna

toisc nach raibh socruithe aontaithe iontu chun réimse oiriúnach acmhainní ábhair a fháil chun an curaclam a chur i bhfeidhm.

5.7 Gnóthachtáil fheabhsaithe

Iarradh ar scoileanna na straitéisí a bhí acu chun faire a dhéanamh ar ghnóthachtáil a rianú, go háirithe sna réimsí sin a bhí sonraithe acu mar thosaíochtaí, mar chuid den phróiseas pleanála. Scrúdaíodh ceist na bhfeabhsúcháin a bheith nasctha le pleanáil scoile go sonrath. Nuair ba chúí, scrúdaíodh na taifid chun a fháil amach cé acu an raibh nó nach raibh faire agus athbhreithniú á ndéanamh ar thorthaí tástálacha agus an raibh nó nach raibh siad á n-úsáid mar bhonn don phleanáil chun feabhsúcháin. Iniúchadh gach tuairisc scoile don bhord bainistíochta ar ghnóthachtáil fheabhsaithe na ndaltaí i réimsí tosaíochta. Léirítear torthaí na gcigirí i bhfíor 5.6.

Fíor 5.6: Gnóthachtáil fheabhsaithe



Scothleibhéal nó cleachtas inniúil

Níor tugadh ráta “an-mhaith” do scoil ar bith ar nasc a shonrú idir an próiseas pleanála uile-scoile agus gnóthachtáil fheabhsaithe na ndaltaí. Cé gur thuairiscigh scoileanna go raibh sé ró-luath le fianaise ar ghnóthachtáil fheabhsaithe de thoradh na pleanála a shonrú, áiríodh go raibh líon beag (20 faoin gcéad) “go maith” sa réimse sin. Bhí dul chun cinn áirithe déanta ag na scoileanna seo i dtreo cur chuige córasach a fhorbairt i bhfaire a dhéanamh ar thorthaí laistigh de chreatlach na pleanála uile-scoile.

Tuairiscíodh roinnt samplaí den dea-chleachtas. Orthu sin bhí polasaí cuimsitheach ar mheasúnacht a fhorbairt, an ghnóthachtáil a thomhas go córasach, ceapadh formáidí chun dul chun cinn a rianú, agus faire ar fheabhsuithe ar thinreamh. De thoradh gníomh a chur i gcrích i réimsí tosaíochta, tugadh faoi deara athruithe chun feabhais ar iompar daltaí agus feabhas ar thinreamh.

Scóip chun forbartha nó ag sonrú deacrachtaí

Tugadh ráta “cuibheasach” (53 faoin gcéad) nó “lag” (27 faoin gcéad) don chuid is mó de na scoileanna (80 faoin gcéad) de bharr nasc a shonrú idir pleanáil uile-scoile agus gnóthachtáil fheabhsaithe daltaí. Sna scoileanna sin bhí dul chun cinn teoranta déanta i dtreo na pleanála chun feabhsúcháin. I gcásanna áirithe ní raibh forbairt déanta ar pholasaithe foirmiúla maidir le measúnacht ar ghnóthachtáil na ndaltaí, agus nuair a cuireadh measúnacht fhoirmiúil i gcrích ní dhearnadh próiseáil ná anailís ar na torthaí agus níor úsáideadh iad chun feabhas a chur ar ghnóthachtáil na ndaltaí ar an nós uile-scoile. I scoileanna eile thuairiscigh múinteoirí go raibh feabhas tagtha ar chúrsaí, ach ní fhéadfaidís fianaise shuntasach a sholáthar mar thacaíocht leis seo, nó bhí éiginnteacht orthu maidir le tionchar na pleanála ar ghnóthachtáil na ndaltaí. Go ginearálta, ní raibh córais curtha ar bun ag scoileanna chun feabhsúcháin a thuairisciú don bhord bainistíochta.

“Is beag fianaise atá ann a léiríonn go raibh tionchar suntasach ag an bpleanáil uile-scoile ar phleanáil na múinteoirí agus ar an rang ó lá go lá.”

Athfhriotal an Chigire

5.8 Tátail

Shonraigh an mheastóireacht seo na gnéithe seo a leanas maidir le torthaí:

- Baineann ardluach le pleanáil uile-scoile, dar le múinteoirí.
- Cuirtear forbairt phroifisiúnta múinteoirí chun cinn tríd an bplé ag cruinnithe foirne, trí ghabháil i ngníomhaíochtaí pleanála, agus le hobair foirne agus comhoibriú.
- Méadaíonn pleanáil uile-scoile an chomhghleacaíocht i measc múinteoirí, agus bíonn feasacht níos mó ar fhairsinge an réimse churaclaim mar thoradh air.
- Déanann cleachtas éifeachtach de réimse fairsing modheolaíochtaí teagasc i scoileanna nuair a shonraítear iad ina gcáipéisí pleanála.
- Thuairiscigh múinteoirí go mbíonn daltaí gafa níos dearfa lena gcuid foghlama nuair a bhaineann pleanáil uile-scoile le hathruithe curaclaim.
- De thoradh pleanáil uile-scoile, shonraigh múinteoirí acmhainní ábhair agus d'úsáid siad go héifeachtach iad mar thacaíocht leis an gcuraclam a fheidhmiú.

Ábhar inmí maidir le *torthaí* ba ea na gnéithe seo a leanas:

- Ní léirítear an fheasacht ar choincheap agus ar luach na pleanála uile-scoile i gcónaí sa chleachtas.
- Níl ach taithí theoranta ag boird bhainistíochta agus ag tuismitheoirí ar choincheap na pleanála uile-scoile mar uirlis chun feabhsúcháin.
- Níl an nasc á dhéanamh idir pleanáil churaclaim agus cleachtas maidir le teagasc agus foghlaim.
- Tuairiscíonn na scoileanna go bhfuil sé róluath le fianaise a fheiceáil ar thorthaí feabhsaithe do dhaltaí de thoradh na pleanála uile-scoile.

- Tá nasc le bunú ag an gcuid is mó de na scoileanna fós idir pleanáil uile-scoile agus torthaí feabhsaithe.
- Go ginearálta, níl córais bunaithe ag scoileanna chun feabhsúcháin atá nasctha le pleanáil uile-scoile a thuairisciú do bhoird bhainistíochta.


Roinnt ábhar machnaimh

Cén nasc atá idir an próiseas pleanála uile-scoile agus an feabhsúchán scoile?

Cén feabhas a thagann ar fhorbairt phroifisiúnta na múinteoirí de thoradh phróiseas na pleanála uile-scoile?

Cén plé a dhéantar ar mhodheolaíochtaí teagaisc sa phróiseas pleanála, agus cén sonrú a dhéantar orthu i gcáipéisí pleanála, laistigh de chomhthéacs an athraithe ar an gcuraclam?

Cén fhaire, meastóireacht agus taifeadadh a dhéantar ar thorthaí feabhsaithe daltaí de thoradh réimsí a dtugtar tosaíocht dóibh chun forbartha?



6. Torthaí agus moltaí

6. Torthaí agus moltaí

6.1 Réamhrá

Sa mhír seo cuirtear i láthair príomhthorthaí agus moltaí na meastóireachta ar an bpleanáil uile-scoile sna scoileanna samplacha. Shonraigh an mheastóireacht a éifeachtaí a bhaineann na bunscoileanna seo feabhsúchán leanúnach amach trí dhul i mbun féin-athbhreithnithe, tríd an bpleanáil, agus trí ghníomhaíocht a dhéanamh chun tógáil ar a gcuid láidreachtaí agus chun aghaidh a thabhairt ar a laigí. Ceapadh táscairí cáilíochta chun meastóireacht a dhéanamh ar thrí ghné den phleanáil – *ionchuir*, *próisis*, agus *torthaí* – agus chuidigh siad seo leis na cigirí na sonraí a chruinniú i dtríocha scoil.

In ainneoin scála beag an staidéir, tháinig faisnéis thábhachtach chun solais maidir le gabháil na scoileanna sa phróiseas pleanála uile-scoile. Léiríonn an anailís ar na sonraí dul chun cinn i ngnéithe den phleanáil uile-scoile, agus rianaítear réimsí inní.

6.2 Príomhthorthaí na meastóireachta

6.2.1 Ionchuir

Is léir go n-úsáideann scoileanna éagsúlacht mhór tacaí seachtracha go héifeachtach mar thacaíocht leis an bpleanáil. Éascaíonn dreamanna ón taobh amuigh athbhreithniú uile-scoile agus treoraíonn siad an phleanáil, agus baintear úsáid éifeachtach as creatlacha struchtúrtha. Sonraítear sa tuarascáil scóip chun forbartha a bhaineann le roinnt scoileanna nach bhfuil ag baint leorúsáid go fóill as na tacaí atá ann dóibh ón taobh amuigh.

Tugtar suntas d'obair na bpríomhoidí agus d'obair múinteoirí eile a théann i gceann ar an bpróiseas pleanála go himmheánach. Cumasaítear pleanáil chórasach uile-scoile trí struchtúir fhoirmiúla, ar nós am a chur i leataobh don phleanáil agus cruinnithe rialta. Is léir, áfach, nach mbíonn páirt ghníomhach i bpleanáil uile-scoile ag baill de bhoird bhainistíochta ná ag tuismitheoirí agus gur ar an bpríomhoide atá freagracht na pleanála i gcónaí i roinnt scoileanna.

Cé go gcuireann roinnt gníomhaireachtaí tacaíocht ar fáil d'fhorbairt phroifisiúnta múinteoirí, ní mór aghaidh a thabhairt go córasach, ar leibhéal polasaí, ar thacaíocht scoileanna ar leith do thinreamh a gcuid múinteoirí ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le réimsí tosaíochta chun forbartha. I roinnt scoileanna luaigh an bord bainistíochta easpa airgid mar bhac ar a gcumas chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí forbartha proifisiúnta den chineál seo.

6.2.2 Próisis

Bíonn baint chomhoibritheach éigin ag an gcuid is mó de mhúinteoirí leis an bpróiseas pleanála uile-scoile, agus oibríonn siad i dtreo spriocanna comhaontaithe. Bíonn comhoibriú ar siúl trí mhogallghrúpaí, ag cruinnithe foirne, i meithleacha pleanála, agus ar laethanta in-seirbhíse. Léiríonn múinteoirí feasacht agus tuiscint ar réimsí tosaíochta chun forbartha, agus baineann siad comhaontú amach sna réimsí sin trí mhúnlaí éagsúla a úsáid.

I móramh mór na scoileanna níl struchtúir scoilbhunaithe ann fós le freastal ar ghabháil chórasach leanúnach tuismitheoirí agus comhaltaí den bhord bainistíochta sa phróiseas pleanála. I gcás go mbíonn páirt ag tuismitheoirí nó ag an mbord bainistíochta bíonn an ghabháil sin teoranta ar an mórgóir do pholasaithe a phléann le gnéithe eagrúcháin den saol scoile. Luann baill de bhoird

bhainistíochta go gcuireann easpa eolais agus saineolais bac ar a ngabháil i bpleanáil, agus san am céanna ní fheictear do thuismitheoirí go bhfuil páirt acu féin i bpleanáil do sholáthar curaclaim. Is léir gur gá breis dul chun cinn a dhéanamh chun go mbeadh baill de bhoird bhainistíochta agus thuismitheoirí gafa sa phróiseas comhoibritheach pleanála. Tá ceacht le foghlaim ó na tuairimí atá nochtá ag baill na mbord bainistíochta agus ag thuismitheoirí araon maidir leis seo, agus is gá soiléireacht bhreise maidir lena mhéid is cóir do na páirtneoirí seo a bheith gafa le beartú polasaithe eagrúcháin agus curaclaim. Is cóir a chur san áireamh go gcuirfí treoirlínte dea-chleachtais ar fáil do bhoird bhainistíochta agus do thuismitheoirí maidir le páirt a ghlacadh i bpróiseas pleanála forbartha na scoile.

Tá na múinteoirí i mórán scoileanna tiomanta do phleanáil uile-scoile, agus tugann príomhoidí treoir éifeachtach don obair i réimsí tosaíochta. Glacann postsealbhóirí agus múinteoirí páirt ceannaireachta. Mar sin féin, tá tosaíochtaí chun forbartha le sonrú fós i roinnt scoileanna, agus san am céanna níl scríobh na bpleananna gníomhaíochta foirmiúla doimhnithe mar nós sa phlean scoile i mórán mór na scoileanna. Sa tríú cuid de na scoileanna sa sampla ní dhéantar faire ná athbhreithniú rialta ar phleananna curaclaim. Ábhar inní iad na torthaí seo sa mhéid gurbh fhéidir, sna scoileanna áirithe sin, féachaint ar phleanáil uile-scoile mar sprioc ann féin seachas mar uirlis chun riaradh a dhéanamh ar athruithe agus ar fheabhsúchán scoile.

6.2.3 Torthaí

Thuigfí ó throlach na ráiteas meastóireachta atá déanta ag na cigirí go measann múinteoirí go mbaineann ardluach le pleanáil uile-scoile. Ní léir i gcónaí, áfach, an t-ardluach seo sa chleachtas.

Lena chois sin, níl ach taithí teoranta ag boird bhainistíochta agus ag tuismitheoirí ar choincheap na pleanála uile-scoile mar uirlis feabhsúcháin.

Fuarthas amach go gcuirtear comhghleacaíocht múinteoirí, a bhforbairt phroifisiúnta agus a bhfeasacht ar réimse an churaclaim chun cinn tríd an bpróiseas pleanála uile-scoile. Is mór ag múinteoirí na deiseanna ar bheith rannpháirteach sa phlé le linn cruinnithe foirne chomh maith leis an obair foirne. Is mór ag príomhoidí agus ag múinteoirí i scoileanna beaga an tacaíocht a fhaigheann siad trí ghréasánú agus trí mhogallghrúpaí. Cuireann struchtúir agus gnáthaimh easnamhacha in-scoile bac ar fhorbairt phroifisiúnta i roinnt scoileanna.

Nuair a shonraíonn pleananna scoile réimse fairsing modheolaíochtaí teagaisc mar thacaíocht le soláthar curaclaim, tugtar faoi deara éifeacht dhearfach ar an gcleachtas, agus tuairiscíonn na múinteoirí go mbíonn daltaí páirteach go gníomhach ina gcuid foghlama féin agus go mbíonn siad díograiseach ina leith. Ceann de na torthaí tairbheacha atá ar phleanáil éifeachtach uile-scoile ná go bhfuil fáil anois ag múinteoirí ar acmhainní ábhair cuí, a úsáideann siad go héifeachtach mar thacaíocht leis an bhfoghlaim. I scoileanna ina bhfuil an ghabháil sa phleanáil uile-scoile teoranta is gá aghaidh a thabhairt ar cheisteanna suntasacha fós. I leath de na scoileanna, nach mór, léirítear sa mheastóireacht nach gcuirtear modheolaíochtaí teagaisc san áireamh i bpleanáil uile-scoile ná i bpleanáil múinteoirí ar leith. Sna scoileanna sin bhí claonadh ann le bheith ag brath ar theagasc uile-ranga agus ar théacsleabhair a úsáid, agus ní thugtar dóthain teorach ar an leibhéal uile-scoile ar mhaithe le teagasc idirdhealaithe. Ina theannta sin ar fad níor ceapadh polasaithe a bhaineann le hacmhainní ábhair. Ábhar inní é go bhfuil an chuid is mó de na scoileanna doiléir maidir leis an nasc idir pleanáil uile-scoile, an cleachtas sa seomra ranga, agus torthaí feabhsaithe do dhaltaí.

6.3 Moltaí

- Ba chóir don tSeirbhís Pleanála Um Fhorbairt Scoile (Bunscoileanna) (SPFS) iniúchadh a dhéanamh ar ghabháil scoileanna i bpleanáil uile-scoile, leis an aidhm go gcuirfí tacaíocht idirdhealaithe ar fáil d'fhoirne scoileanna nach bhfuil freagracht glactha acu fós i gcur chun cinn a bpróiseas pleanála. Ba chóir do na scoileanna sin spriocanna don ghabháil a leagadh síos, le tacaíocht ón SPFS. I gcás go sonraíonn an Chigireacht scoileanna dá leithéid le linn Meastóireacht Scoile Uile nó meastóireachta téamacha, ba chóir an scoil a stiúradh go foirmiúil i dtreo an SPFS le haghaidh tacaíochta.
- Ba chóir don SPFS doiciméadú a dhéanamh ar mhúnlaí dea-chleachtais a thugann treoir maidir le struchtúir éifeachtacha inmheánacha scoile chun tiomantas leanúnach do phleanáil uile-scoile agus d'fhéin-athbhreithniú dian a dheimhniú, agus iad sin a dháileadh ar scoileanna. Ba chóir do na múnlaí sin a léiriú an chaoi ar féidir pleanáil forbartha scoile a úsáid mar uirlis chun athruithe a riaradh agus don fheabhsúchán scoile, agus ba chóir scoileanna a ghríosú chun aird ar leith a thabhairt ar na céimeanna faire agus meastóireachta den phróiseas.
- Ba chóir do sheirbhísí tacaíochta, Forbairt Cheannaireachta do Scoileanna mar shampla, leanúint lena gcuid oibre i bpáirtíocht leis an SPFS. Ba chóir tacaíocht idirdhealaithe a thabhairt nuair nach dtuigtear nó nach gcleachtaítear go hiomlán fós páirt cheannaireachta an phríomhoide agus coincheap na ceannaireachta dáilte nó roinnte. Ba chóir go mbeadh tagairt do na nithe seo i meastóireachta MSU nó téamacha, agus ba chóir dóibh moltaí a lua maidir leis na foinsí ar féidir teacht ar thacaíocht leantach uathu.

- Ba chóir do ghréasán na ionad oideachais, i gcomhar le seirbhísí tacaíochta náisiúnta, athbhreithnithe rialta a dhéanamh chun riachtanais forbartha proifisiúnta scoileanna agus múinteoirí a shonrú agus chun soláthar clár cuí a chomhordú agus a éascú mar thoradh orthu. Ba chóir do chlár na moltaí atá i dtuairiscí MSU agus i meastóireachta téamacha a bhaineann le hábhar a chur san áireamh freisin, agus ba chóir do scoileanna iad sin a chur in iúl do na ionaid oideachais.
- Chun soláthar tacaíochta comhordaithe do scoileanna a dheimhniú, ba chóir don Roinn Oideachais agus Eolaíochta pleanáil a thionscnamh ar mhaithe le struchtúr aontaithe tacaíocht phroifisiúnta do bhunscoileanna. Ba chóir go mbeadh sé de chumas ag an struchtúr tacaíochta sin freagairt do riachtanais shonraithe scoileanna ar shlí chomhtháiteach. Ba chóir go mbunófaí a leithéid de struchtúr nuair a bheidh an tacaíocht chéimnithe d'fheidhmiú an Churaclaim Bhunscoile curtha i gcrích, faoi cheann dhá bhliain.
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Eolaíochta meitheal a bhunú chun dul i gcomhairle leis na páirtnéirí oideachais agus chun comhghnáis a dhréachtú a shoiléireodh páirt agus freagracht gach ceann de na grúpaí páirtíochta seo sa phróiseas pleanála uile-scoile. Ba chóir struchtúir chuí scoile a d'éascódh an ghabháil sin a chur san áireamh. Ba chóir go gcuideodh an Tionscnamh Pleanála Forbartha Scoile le hullmhúchán na gcomhghnás seo, ar a mbeadh eiseamláirí den dea-chleachtas. Ba chóir clár oiliúna a leanfadh den obair seo a chur ar fáil do na baill bhoird ar fad.

- Ba chóir dóibh siúd ar fad a bhfuil baint acu le maoiniú a sholáthar agus le hoiliúint agus tacaíocht do scoileanna aghaidh a thabhairt, ag brath ar a dtéarmaí tagartha ar leith, ar an easpa naisc idir pleanáil uile-scoile agus torthaí feabhsaithe do dhaltaí. Sa chás áirithe seo ní mór forbairt bhreise a dhéanamh ar leibhéal feasachta múinteoirí ar phleanáil uile-scoile mar phróiseas feabhsaithe scoile leanúnach.

6.4 Tátail

Is ann i gcónaí don dúshlán a bhaineann le feabhsúchán leanúnach a chinntiú trí phleanáil uile-scoile. Ní mór, mar ghné de pholasaí meastóireachta scoile comhtháite, do chóras críochnúil athbhreithnithe scoile teacht chun cinn. Thar aon ní, is torthaí feabhsaithe do na daltaí a chaithfidh a bheith mar bhunchuspóir ag an gcóras ina iomláine. Soláthraíonn pleanáil uile-scoile meicníocht a nascann gníomhaíochtaí uile scoileanna leis an gcuspóir sin.

Léiríonn tátail na tuarascála seo go bhfuil taithí scoileanna ar phleanáil uile-scoile agus ar na sochair a ghabhann léi ag fás. Ní mór do na tacaí díriú amach anseo ar chuidiú le scoileanna úsáid a bhaint as pleanáil uile-scoile mar uirlis chun athruithe a riaradh. Maidir leis seo, beidh sé tábhachtach go háirithe go sealbhóidh scoileanna na scileanna i dtimthriall na pleanála uile-scoile agus go bhfásfaidh dá réir “fios a ngnó” chun aon tionscnamh nua a riaradh, go mbainfear leas as straitéisí tógála cumais a chuirfidh an príomhoide, an fhoireann bhainistíochta in-scoile agus na múinteoirí san áireamh, agus go ndéanfaí forbairt ar chomhghnáis chun boird bhainistíochta agus tuismitheoirí a chur san áireamh.



Aguisín

Aguisín

Ceisteanna Agallamh

Táscaire cáilíochta	Príomhoide/comhordaitheoirí pleanála	Múinteoirí
Feasacht ar choincheap na pleanála uile-scoile	Cén taithí atá agat ar smaoineamh na pleanála uile-scoile? Cén luach a bhaineann léi? Cén tacaíocht a thug an MSU duit?	Cén taithí atá agat ar smaoineamh na pleanála uile-scoile? Cén luach a bhaineann léi? Cén tacaíocht a thug an MSU do do chuid múinteoireachta?
Comhoibriú	Cé a ghlacann páirt i laethanta próisis nó pleanála? An oibríonn na rannpháirtithe ón scoil mar aon ghrúpa amháin?	Cén bhaint a bhí agat le dréachtú an phlean uile-scoile?
Gníomhaíocht dírithe ar fheabhsúchán scoile	An ndearnadh athbhreithniú uile-scoile? Cathain? An bhfuil tosaíochtaí chun forbartha sonraithe? Cad iad na tosaíochtaí atá ann faoi láthair? Cén fáth ar roghnaíodh iad? An ndearna tú obair ar thosaíochtaí eile? Cad iad na pleananna gníomhaíochta a ullmhaíodh? An bhfuil socrúithe déanta chun faire a dhéanamh ar dhul chun cinn i réimsí tosaíochta? Cad iad féin?	Cad iad na tosaíochtaí a sonraíodh? Má bhí comhaontú ann ar phlean gníomhaíochta, an féidir leat a rá cé chomh maith is a d'éirigh leis go dtí seo?

Bord bainistíochta	Tuismitheoirí
<p>I do thuairim féin, cad iad na tosaíochtaí atá ag an scoil ar féidir déileáil leo tríd an bpróiseas pleanála? An bhfuil aon cheist ar leith ann maidir le pleanáil sa scoil?</p>	<p>An nglacann an scoil i ndáiríre leis an méid atá le rá ag tuismitheoirí, dar leat? An bhfuil samplaí agat d'ócáidí ar tharla sin? Cad iad na polasaithe scoile a bhfuil eolas agat ina dtaobh? (Liostaigh.) <i>nó</i> An eol duit go bhfuil polasaí ag do scoil ar obair bhaile, bhulaíocht, agus a leithéidí? Ar iarradh ar thuismitheoirí baint a bheith acu ar shlí ar bith nuair a bhí caint ar siúl ar na polasaithe sin?</p>
<p>An mbíonn tú féin nó baill den bhord bainistíochta rannpháirteach sa phróiseas pleanála sa scoil? An eol duit go bhfuil baint ag tuismitheoir ar bith leis an bpróiseas pleanála sa scoil?</p>	<p>An iarrann an scoil ar thuismitheoirí a bheith rannpháirteach, meas tú, agus an leor an méid iarratas a dhéantar? Cén rud ar mhaith leat go n-iarrfadh an scoil do thuairim ina thaobh? An bhfuil a fhios ag an gcuid is mó de na tuismitheoirí cad atá ar siúl sa scoil? Cén chaoi a bhfaigheann siad sin amach?</p>
<p>An bhfuil guth ag an mbord bainistíochta sna tosaíochtaí chun forbartha a aithint? An ndéanann an bord bainistíochta gach polasaí a bhfuil bailchríoch curtha air a dhaingniú? An raibh nó an bhfuil ábhar inní ar bith ann ar leibhéal an bhoird bhainistíochta maidir le cinneadh pleanála na scoile?</p>	<p>An mbraitheann tú gur chuidigh an phleanáil scoile le tuismitheoirí a bheith níos gafa le saol na scoile? Cad é a thoradh sin?</p>

Táscaire cáilíochta	Príomhoide/comhordaitheoirí pleanála	Múinteoirí
<p>Tiomantas córasach leanúnach</p>	<p>Ar cuireadh meithleacha nó coistí pleanála le chéile? Ar tugadh freagracht do dhaoine ar leith i bpleanáil uile-scoile nó i ngnéithe den WSP? Cé hiad? An bhfuil na daoine atá rannpháirteach tiomanta d'fheabhsúcháin a chur chun cinn sna réimsí comhaontaithe? Cén chaoi? An próiseas leanúnach é an phleanáil chun feabhsúcháin? Cén chaoi? (Rialtacht na gcrúinnithe, na faire?) Cé a thugann treoir no tacaíocht don phróiseas go himmheánach, go seachtrach? An mbaineann an scoil leas as gréasán le scoileanna eile dá leithéid don phleanáil? An bhfuil cáipéisí ón SPFS nó CTCB nó ó fhoinsí eile ar fáil, an mbaintear úsáid éifeachtach astu mar bhonn pleanála, agus, má dhéantar, cé mhéad? Ar ullmhaíodh pleananna straitéiseacha (plean imlíneach nó ginearálta)?</p>	<p>An bhfuil teacht agat go saoráideach ar chóip de phlean na scoile? An bhfuil an próiseas ag dul ar aghaidh, agus má tá, cén chaoi?</p>

Bord bainistíochta	Tuismitheoirí
<p>An bhfuil struchtúir bunaithe chun go mbeidh gabháil leanúnach ann le gníomhaíochtaí rialta pleanála amach anseo?</p>	<p>An mbeadh nó an mbeidh baint agat le pleanáil agus le forbairt polasaithe nua don scoil (dá mbeadh an deis agat)? Cén chaoi a mbeadh baint agat leis sin? Cad a d'fhéadfadh an scoil a dhéanamh, dar leat, chun go mbeadh tuismitheoirí níos gafa le cúrsaí?</p>

Táscaire cáilíochta	Príomhoide/comhordaitheoirí pleanála	Múinteoirí
Sporad tréitheach	An bhfuil ráiteas misin nó ráiteas físe comhaontaithe agaibh? Cé a bhí páirteach i sainiú an ráitis? Sonraigh, más é do thoil é, na príomhghnéithe de. An bhfuil foireann chomhaontaithe rialacha ginearálta don scoil scríofa agaibh?	Má tá ráiteas misin nó ráiteas físe comhaontaithe ann, an féidir leat a rá cad iad na príomhghnéithe atá ann?
Forbairt phroifisiúnta	An bhfuil athruithe tagtha ar an dearcadh agus ar an gcur chuige pleanála sa scoil le blianta beaga? Cén chaoi? An bhfuil athrú tagtha ar dhearcadh na múinteoirí ar shlí ar bith de thoradh na pleanála? Cén chaoi? An bhfuil na tosaíochtaí comhaontaithe le sonrú ar phleanáil indibhidiúil scríofa na múinteoirí?	Cén fiúntas a bhaineann leis an bpróiseas pleanála uile-scoile? Go hachomair, cad iad na baic agus na deacrachtaí ar bhuail tú féin agus do chomhghleacaithe leo?
Soláthar agus úsáid éifeachtach réimse fairsing acmhainní ábhair	Ar tháinig feabhas ar an soláthar acmhainní do ranganna de bharr na pleanála uile-scoile? Cén chaoi? Cén fhianaise?	Ar thug tú isteach réimse acmhainní ábhair de thoradh na pleanála uile-scoile? Déan tagairt shonrach do na réimsí tosaíochta.

Bord bainistíochta	Tuismitheoirí
<p>An bhfuil an bord bainistíochta comhaontaithe maidir le spiorad tréitheach na scoile? Ar chuir an bord bainistíochta é seo in iúl do phobal na scoile?</p>	
<p>Ar thug an bord bainistíochta cainteoirí isteach ón taobh amuigh chun feabhas a chur ar scileanna na mball? An bhfuil athruithe tagtha ag leibhéal an bhoird bhainistíochta ar an dearcadh agus ar an geur chuige pleanála sa scoil le blianta beaga? Cén chaoi? Cén fáth? An gcuireann an bord bainistíochta airgead ar fáil don fhorbairt phroifisiúnta sa scoil?</p>	<p>Cad a insíonn do pháiste duit mar gheall ar an méid a tharlaíonn ar scoil? Cad faoi deara dó a bheith dearfach i dtaobh na scoile? An bhfuil rud ar bith faoi deara dó a bheith diúltach i dtaobh na scoile?</p>
<p>An bhfuil acmhainní curtha ar fáil ag an mbord bainistíochta atá riachtanach do chuspóirí pleanála, dar le múinteoirí?</p>	

Táscaire cáilíochta	Príomhoide/comhordaitheoirí pleanála	Múinteoirí
<p>Úsáid éifeachtach réimse fairsing modheolaíochtaí nó cur chuige idirdhealaithe</p>	<p>Ar tháinig athruithe ar mhodheolaíocht teagaisc de thoradh na pleanála? Cén leibhéal (nó cé na leibhéil) ranga is fearr a léiríonn é seo? An féidir aon samplaí a thabhairt? Cén fáth a raibh gá leis na hathruithe sin? Cé a shocraigh go raibh gá leo? Cén chaoi ar tugadh modheolaíochtaí nua isteach? Cé a chuir forbairt foirme ar fáil? Cé a threoraigh nó a thug tacaíocht? Cén chaoi a ndéantar faire ar thionchar na n-athruithe sin ar an modheolaíocht? Cé a dhéanann an fhaire?</p>	<p>Cén tionchar atá ag an bpleanáil uile-scoile ar do phleanáil féin agus ar do chur chuige sa seomra ranga? Beachtaigh, más é do thoil é.</p>
<p>Foghlaim ghníomhach rannpháirteach</p>	<p>An bhfuil feabhas tagtha ar eispéiris fhoghlama na ndaltaí? Cén chaoi? Cén fhianaise?</p>	<p>Cén chaoi a bhfuil feabhas tagtha ar eispéiris sheomra ranga na ndaltaí de bharr an phróisis WSP? Beachtaigh, más é le do thoil é.</p>
<p>Faire ar ghnóthachtáil fheabhsaithe</p>	<p>An bhfuil faire déanta ag an scoil ar an bhfeabhas ar ghnóthachtáil i réimsí tosaíochta? Cén bhaint atá ag an bhfeabhas ar ghnóthachtáil le pleanáil uile-scoile?</p>	<p>Cén chaoi ar tháinig feabhas ar ghnóthachtáil daltaí ar bhonn na pleanála uile-scoile? Léirigh le sampla (nó le samplaí), más é do thoil é. Conas is eol duit é?</p>

Bord bainistíochta	Tuismitheoirí
	<p>Cad a deir do pháiste leat faoina dtarlaíonn ar scoil? Cad a thugann air, meas tú, mothú go maith faoin scoil?</p> <p>An bhfuil rud ar bith ann a thugann air mothú go dona nó go diúltach faoin scoil?</p>
<p>An gcuirtear feabhsuithe in iúl don bhord bainistíochta?</p>	

